# Iorras Aithneach 2018

## Carna/Cill Chiaráin

*Eagrán in ómós do Ionad Cuimhneacháin na nImirceach*




An Fóram do Phobal Iorras Aithneach

€10

# Míle Buíochas

Tá an Coiste an-bhuíoch do chuile dhuine a thug pictiúir, a scríobh altanna agus a chuir eolas ar fáil le haghaidh "Iorras Aithneach 2018".

Ár mbuíochas aríst do Mhairéad Ní Chonaire i Ros Muc as an obair stuama agus chruinn a rinne sí ar an leagan amach ar an leabhar – ag conneáil, go deimhin leis an gcaighdeán ard a bhíonn aice i gcónaí.

**An Coiste:**

Nóirín Nic an Iomaire,
Eibhlín Uí Dháibhís,
Máirtín Ó Catháin,
Máirtín Ó Gríofa,
Susan Uí Chatháin,
Seosamh Ó Cuirrín.

## AN CLÚDACH – NA PICTIÚIR

**Barr ar chlé:** An Garda Máirtín Ó Gríofa – díreach sul ar chríochnaigh sé a théimse fhada 40 bliain sna Gardaí ar an 6ú Samhain.

**Barr ar dheis:** Elaine Ní Niaidh as Leitheanach, an Caiseal atá ina ball d'fhoireann ban Charna/an Chaisil. Bhí sí ar fhoireann mionúir ban na Gaillimhe a bhuaigh Craobh Mionúir Peile na hÉireann i mbliana.

**Íochtar ar chlé:** Cóilín Ó Cualáin (Cill Chiaráin) agus é an-ríméadach as Corn Chraobh na hÉireann san iománaíocht mhionúir a bhuaigh Gaillimh i mbliana. Ag an bhfáiltiú i Staid an Phiarsaigh i nGaillimh.

**Íochtar ar dheis:** Paddy Mhéime Ó Súilleabháin as Loch Con Aortha agus a bhean, Úna, i gcuideachta Mhéara Bhoston, Marty Walsh ag Oscailt Ionad Cuimhneacháin na nImirceach i gCarna ar an 18/5/2018.

**I lár báire:** Amy Ní Chlochartaigh as Leitir Ard. Fuair sí an cúigiú háit in Éirinn sa léim fhada faoi-12 i mbliana.

# An Clár


3 **Fáilte go 'Iorras Aithneach 2018'**
Máirtín Ó Catháin

4 **Teachtaireacht Nollaig ó Mhéara Boston**
Méara Martin J. Walsh

8 **Páirc na Mara agus Aonad Digiteach**
Micheál Ó hÉanaigh

12 **Plean Forbartha Iorras Aithneach**

14 **I nGáirdín Dé**
**Sonas Oraibh**
**Céad Fáilte Romhaibh**

18 **Cead Pleanála ... ???**
Lúc Mac an Iomaire

19 **Cailleach na hAirde Móire**

23 **Turas don Iodáil**
Ionnaigh Ní Allmhuráin & Seamús Ó Maoilchiaráin

24 **Daonra agus eolas eile as an Daonáireamh is deireannaigh**

38 **Peil na mBan Carna/Caiseal**
Dolores Uí Mhadaoin

43 **Scléip agus an Scoil Phobail**
Ionnaigh Ní Allmhuráin

45 **1998 ... Trí Chloch Mhíle ...**
**Scór blianta ó shin ... 1998**
Máirtín Ó Catháin

49 **Ógánaigh an tSléibhe**
Máirtín Ó Catháin

56 **Paróiste Mhaighrois**
Máire Uí Chuinneáin

60 **"Eaglais an Phobail"**
An tAthair Pádraig Standúin

65 **As California go Fínis**
Seosamh Ó Cuaig

69 **I gCuimhne ar Cheathrar Óglach**
Seosamh Ó Cuaig

73 **Scoláirí Uibh Eachach**
Seamús Ó Maoilchiaráin


77 **Tubaiste an "Pretty Polly" tugtha chun cuimhne i mbliana**
Seosamh Ó Cuaig

82 **Drámaíocht in Iorras Aithneach**
Tom Sailí Ó Flaithearta

87 **Na Staisiún i bhFínis**
Jeaicí Mac Donncha

99 **An Stáisiún Faire ar Cheann Mása**
Máirtín Bairéad

MOLSCÉAL




Aip ar fáil anseo

Download on the App Store

GET IT ON Google Play

TG4

# Fáilte go "Iorras Aithneach 2018"

Trí bliana go ham seo a foillsóidh an Leabhar seo go deireannach. Is gearr a bhí na blianta sin ag sleamhnú leo.

Sé an t-athrú is mo agus is brónaí ó shin i leith ná go bhfuil go leor daoine – daoine go deimhin a bhíodh ag léamh an leabhair seo – atá imíthe ar shlí na firinne. Go raibh suaimhneas síorraí acu uilig anois.

Ar ndóigh, chuaigh go leor ar an imirce, no amach as na pobail thart anseo go codanna eile den tír seo sa tréimhse sin freisin. Imíonn daoine i gcónaí ach fiú agus go mbíonn súil go dtiocfaidh siad ar ais chun cónaíthe anseo aríst, is minic nach dtagann. Is iomaí sin cúis atá leis sin ach is dóigh go bhfuil easpa oibre – no ganntan postanna a bheadh feiliúnach do dhaoine – ar an gcúis is mo go bhfuil an áit dá thréigeann.

Tá Plean 5 bhliana réitíthe ag Údarás na Gaeltachta le súil agus go stopfar an sruth atá ag cur na bpobal thart anseo i mbaol a mbánaíthe. Teastaoinn iarracht mhór. Cén deireadh a bheidh ag an iarracht sin? Níl a fhios againn – an duine a thabharfadh breithiúnas cruinn ar an saol atá amach romhainn, níor rugadh fós. Ach is ceart bualadh faoin obair.

Bhí an obair throm a bhain le forbairt Ionad Cuimhneacháin na nImirceach ar an gcúis ba mho gur héiríodh as foillsiú Leabhar Iorras Aithneach i 2016 agus i 2017. Tá an tIonad tógtha anois agus tá foirgneamh breá ar shuíomh an tsean halla. Ba mhór agus ba spreagúil an ócáid phobail í ar an 12ú Bealtaine nuair a d'oscail Méara Bhoston, Marty Walsh, an tIonad go hoifigiúil i gcuideachta Aire Stáit na Gaeltachta san am, Joe McHugh, T.D. Ba mhór an rud é freisin gur tháinig cuid mhaith de thrí scóir anall as Meirceá in aonturas le haghaidh na hócáide. Bhí daoine as an áit ann a tháinig abhaile agus daoine go leor freisin, a d'fhill ar an áit seo as ar imigh a sinsear thar sáile blianta fada ó shin.



**Máirtín O Catháin**
Eagarthóir "Iorras Aithneach 2018"

Muide a bhí ag plé leis an obair seo, tá muid ag iarraidh go mbeadh buntáistí eacnamaíochta agus sóisialta ag muintir an phobail seo as an Ionad seo.

Thug peileadóirí an cheantair údar misnigh don phobal nuair a tháinig siad as cruóg dícháilíthe go Roinn níos isle i mí Dheireadh Fómhair. Ní chuireann peile arán ar an mbord ná postanna ar fáil ach cothaíonn éachtanna mar a rinne Carna/Caiseal – agus iad faoi bhrú mór – dóchas imeasc an phobail. Sin rud mór.

Tá súil againn go ndúiseoidh "Iorras Aithneach 2018" smaointe agus cuimhí cinn; go spreagfaidh an leabhar caint agus cómhrá agus ...an rud is tábhachtaigh uilig...go mbainfidh sibh eolas, sult agus solamar as na pictiúir agus as na haltanna.

Guíonn muid Nollaig mhaith agus bliain nua mhaith ar chuile dhuine agaibh, bíodh sibh anseo sa mbaile no i dtíortha thar lear. Go mba fearr a bheidh sibh uilig an t-am seo aríst.

# Teachtaireacht Nollaig ó Mhéara Bhoston

*Méara Martin J. Walsh*



**A chairde, a chomharsana i Ros Muc, i gCill Chiaráin agus i gCarna – agus ar fud Chonamara.**

*Friends and neighbours in Ros Muc, in Kilkerrin and Carna – and throughout Connemara.*

*God bless you all and have a Happy Christmas.*

**Dia dhibh ar fad agus bíodh Nollaig mhaith agaibh.**

I am glad to have this opportunity to connect with all of you, my friends in Carna, Kilkerrin and Ros Muc and throughout Connemara.

I know the publication of the Yearbook is always greatly welcomed by all of you at home and, indeed, by those who have emigrated to other lands. I have seen the "Iorras Aithneach" Yearbook on the table in my parents' house in Boston over the years and it has always been read avidly by my uncles and aunts and relatives here in the United States.

I think it has served a great purpose over the decades in linking our communities together and in bringing new information and new issues to the fore. Congratulations to all of you who have worked voluntarily on the "Iorras Aithneach" Yearbook for almost 30 years.

As a son of Connemara emigrants, I share in the great affinity and fondness that rests in the hearts of our people for their heartland on the Atlantic seaboard of Ireland. We are committed to supporting our native and ancestral home place.

My latest trip to Connemara was in May of this year when I officially opened the Emigrants Commemorative Center in Carna. This is a project which is close to my heart and with which I have been associated from the beginning.

I unveiled the foundation stone for the building in 2014. It was a moving and symbolic occasion for me to go back to Carna in May of this year to open the Center alongside the then Gaeltacht Minister, Joe McHugh.

I was also honoured to have been asked to unveil a memorial stone and plaque in Kilkerrin on that occasion which stands as a reminder of the role of Connemara's emigrants.

This is a time of celebration and of the renewal of links between those who are far away and those at home. Over the centuries and the decades the letters and the parcels flowed across the Irish Sea and the Atlantic Ocean at Christmas and throughout the year. The world has changed. But even though we are now constantly linked through all modes of communication, Christmas is a time which always reawakens our special bonds with Connemara and Ireland. It is the same this year.

I want to wish all of you a very happy Christmas and a successful New Year in




2019. And, I say those words also on behalf of Lorrie; my mother Mary; my brother, John, and all of the extended Walsh and O'Malley clan here in America.

Again, I want to thank all of you for the great welcome that you have always extended to me when I have visited Connemara. Your support is a constant source of strength and encouragement to me as I deal with the many areas of importance in this great City of Boston and with the broader political aspects of my role in the United States of America.

Nollaig mhaith agus athbhliain faoi mhaise agaibh uilig agus go mbeirimid beó an t-am seo aríst.

Gala
Your local market




# Ollmhargadh MhicDhonnchadha

Cill Chiaráin, Conamara, Co. na Gaillimhe
Fón: 095-33406
R-phost: tighmhicdhonnchadha50@gmail.com


**Réimse leathan seirbhísí ar fáil sa siopa ar nós:**

Oifig an Phoist
Payzone
Búistéir
Deli agus Bácús
Gás, Gual, Briquettes, Adhmad
Bia saor ó ghlútan

*Ba mhaith le Anna agus foireann Tigh MhicDhonnchadha buíochas a ghlacadh as ucht bhur dtacaíocht ar feadh na bliana*




gteic
@CARNA
AG TEACHT GO LUATH !!
Is gréasán de 31 mol nuálaíochta & digiteach é gteic Gréasán Digiteach na Gaeltachta a bheidh á bhunú i gceantair Ghaeltachta ar fud na hÉireann.
>Deasc shealaíochta
>Cumas leathanbhanda 1000MBps
>Wifi ardluais
>Spás oibre chomhionaid
>Rátaí cíosa iomaíocha
>Páirceáil fhairsing
Fiosrúcháin chuig carna@gteic.ie nó (095) 32688
Údarás na Gaeltachta
FCL teo
Forbairt Chonamara Láir
gteic
GRÉASÁN DIGITEACH NA GAELTACHTA


RTÉ RAIDIÓ NA GAELTACHTA
Seirbhís iomlán raidió do phobal Chonamara
Seacht lá na Seachtaine
Nuacht agus cúrsaí reatha, siamsaíocht, ceol, spórt, aifreann, fógraí ...
rte.ie/rnag | @RTERnaG | /RTERnaG
t +353 91 506677

# Páirc na Mara agus Aonad Digiteach -
## Na clocha is mo ar pháidrín an Údaráis in Iorras Aithneach.

*Micheál Ó hÉanaigh, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta.*

Tá Údarás na Gaeltachta ag obair chun cúrsaí cultúrtha, pobail agus eacnamaíochta a chur chun cinn i gceantair Ghaeltachta na tíre ó 1980 i leith, an t-am ar ghlac an tÚdarás seilbh ar an ról forbartha a bhí ag Gaeltarra Éireann roimhe sin. Is mór an t-athrú agus an feabhas atá tagtha ar chúrsaí an tsaoil agus ar shochaí na nGaeltachtaí ar fad ó shin i leith cé nach laghdaíonn sé na dúshláin éagsúla atá fós le sárú ag pobail Ghaeltachta na tíre.

Is iomaí athrú a tháinig ar chúrsaí eacnamaíochta na tíre i rith an tréimhse chomh maith agus go deimhin ar na hacmhainní a bhí ar fáil d'Údarás na Gaeltachta chun a gcuspóirí a chur i gcrích ach leanann an tÚdarás ag seasamh an chúrsa ag obair chun pobail Ghaeltachta a chaomhnú, fostaíocht a chruthú agus chun an Ghaeilge a neartú mar theanga phobail.

Tá Plean Straitéiseach nua don tréimhse 2018-2020 seolta ag Údarás na Gaeltachta le cúpla mí anuas agus leagann an straitéis seo amach spriocanna agus cuspóirí na heagraíochta do na blianta seo amach romhainn. Nuálaíocht & Fiontraíocht agus an Ghaeilge an dá phríomhthéama a chuimsíonn an Plean Straitéiseach nua. Leagtar amach cur chuige na heagraíochta chun pobal agus geilleagar fuinniúil, rathúil, inbhuanaithe Gaeltachta a fhorbairt agus trí sin áit na Gaeilge mar phríomhtheanga phobal na Gaeltachta a chinntiú. Ar ndóigh tá an próiseas pleanála teanga lárnach dó seo agus tá moladh mór tuillte ag gach duine i bpobal Iorras Aintheach agus Chonamara Láir a chuidigh le réiteach an phlean teanga don cheantar a cheadaigh an



**Micheál Ó hÉanaigh**
Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta

tAire Stáit don Ghaeilge, don Ghaeltacht agus do na hOileáin le gairid. Beidh maoiniú de €150,000 ar fáil chun an plean a chur i bhfeidhm agus beidh sé de rogha ag an gceanneagraíocht Oifigeach Pleanála Teanga agus Oifigeach Cúnta a fhostú don chuspóir sin. Ach na comhaontaithe cuí a bheith sínithe, bheifí ag súil go bhféadfaí na poist sin a fhógairt go luath.

### Fostaíocht agus Plean Forbartha

Ag croílár na straitéise chomh maith, tá an ghné fhorbartha eacnamaíochta d'obair Údarás na Gaeltachta. Tá an tÚdarás tiomanta d'fhostaíocht a bhuanú agus a fhás sa Ghaeltacht agus tá béim ar leith á chur ar acmhainní nádúrtha na Gaeltachta a fhorbairt ar mhaithe leis na pobail Ghaeltachta sa straitéis.

Sa gcomhthéacs seo, tá tionscnaimh straitéiseacha curtha roimhe ag an Údarás a

chuireann béim ar thosaíochta a bhaineann le forbairt acmhainní mara, acmhainní turasóireachta, branda 'Gaeltacht na hÉireann', tionscail 'Diaspóra na Gaeltachta' agus sraith de mhoil nuálaíochta agus digiteacha atá á bhforbairt mar 'gteic Gréasán Digiteach na Gaeltachta'.

Tá Údarás na Gaeltachta ag obair as lámh a chéile le pobal Iorras Aintheach chun tabhairt faoi fhéidearthachtaí an cheantair, ceantar atá buailte ag dífhostaíocht agus an imirce, a threisiú.

Le cúpla mí anuas, tá dréacht phlean forbartha do Cheantar Iorras Ainthigh agus Chonamara Láir á réiteach ag Údarás na Gaeltachta i gcomhar le pobal na háite agus eagrais ábhartha eile.

Leagfaidh an plean forbartha seo amach gníomhaíochtaí gur féidir tabhairt fúthu chun tacú le cruthú fostaíochta sa gceantar. Tá deis iontach anseo d'Údarás na Gaeltachta oibriú as lámh a chéile agus i bpáirtnéireacht leis an bpobal áitiúil chun a theacht i dtír ar riachtanais an cheantair agus forbairt a dhéanamh ar acmhainní nádúrtha agus acmhainn daonna an cheantair sna blianta seo amach romhainn. Táimid ag súil go mór leis an gcéad chéim eile den phróisis sé sin feidhmiú an phlean forbartha seo chun leasa ceantar Iorras Aintheach agus Chonamara Láir. Tá réimse gníomhaíochtaí leagtha amach sa bplean a bheifear in ann a bhaint amach sa ngearrthréimhse agus sna blianta amach romhainn.

**Páirc na Mara agus Ionad Digiteach/Nuálaíochta.**

Beidh forbairt Pháirc na Mara ar thalamh Churraoin i gCill Chiaráin mar thogra lárnach ní hamháin don cheantar Iorras Aintheach ach don réigiún mórthimpeall agus náisiúnta ó thaobh forbairt earnáil na mara de. Togra suntasach agus straitéiseach a bheidh ag baint tairbhe as agus ag forbairt acmhainní nádúrtha an cheantair agus a mbeidh infheistíocht suntasach ag baint leis sna blianta seo romhainn.

Táthar ag súil go gcruthóidh an mol nuálaíochta agus digiteach gteic @ Carna deis do mhuintir an cheantair filleadh ar an mbaile áit a mbeidh áiseanna le leathanbhanda ard luais ar fáil dóibh chun gnó a thosú nó tabhairt faoi chianoibriú chomh maith.

**Lá Bródúil**

Tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh i gceantar Iorras Aintheach maidir le cúrsaí turasóireachta agus is mór an t-éacht atá curtha i gcrích ag an bpobal leis an áis den scoth atá cruthaithe acu don cheantar in Ionad Cuimhneacháin na nImirceach i gCarna. Áis ar ardchaighdeán atá inti a mheallfaidh an diaspóra, lucht taighde ginealacha agus turasóirí araon agus is cúis bróid d'Údarás na Gaeltachta an ról a bhí ag an eagraíocht sa togra seo agus i dtogra Ionad Chultúrtha an Phiarsaigh i Ros Muc a forbraíodh dornán de bhlianta ó shin. Beifear ag obair i gcomhar leis an eagraíocht turasóireacht nuabhunaithe, Cósta Gaelach Chonamara agus Árann, chun an acmhainn a fhorbairt agus chun margaíocht a dhéanamh ar an gceantar trí chéile.

Is bródúil an lá a bhí ann do cheantar Iorras Aintheach nuair a d'fhill Méara Bhostún Marty Walsh ar cheantar dúchais a mhuintire le hIonad Cuimhneacháin na nImirceach a oscailt i mí Bealtaine na bliana seo. Ábhar suntais a bhí ann an méid de dhiaspóra an cheantair a bhí i láthair agus cuid acu a raibh tionchar mhór polaitíochta agus pobail acu ar fud na cruinne agus go háirithe i Meiriceá. Léiriú ar an spiorad pobail dochloíte agus an comhoibriú atá sa gceantar a bhí ann agus is é an spiorad agus comhoibriú sin a thacóidh le ceantar Iorras Aintheach forbairt, fás agus treisiú sna blianta atá romhainn.


Ag cosaint cearta teanga
www.coimisineir.ie
An Coimisinéir Teanga
An Coimisinéir Teanga,
An Spidéal, Co. na Gaillimhe, Éire.
Fón: 091-504 006 / 1890-504 006
Ríomhphost: eolas@coimisineir.ie

# Cupla Scór Blianta ó Shin



*Ó chlé:* Micheál Geraghty, an tAthair Micheál Ó Riordán (Séiplíneach i gCarna san am sin), an tAthair Pádraig Ó Dúbhshláine (Sagart Pobail Charna – ag ceiliúradh 50 bliain sna Sagairt), an tArd Easbug Seosamh Ó Cuinneáin (Tuaim – bhí sé féin agus an tAthair Ó Dubhshláine i Maigh Nuadt in éineacht), an tAthair Colm Ó Ceannabháin agus Micheál Ó Móráin. An bhliain - 1988.



**Cupla scór bliain ó shin, no geall leis.**
*Ó chlé:* Antoine Ó Máille (Antoine Phat Taimín as Doire Iorrais), Beartla Loftus as Doire Iorrais agus Micheál Ó Móráin as Carna.

# Plean Forbartha Iorras Aithneach
## - 5 Bhliana

Chuile sheans go mbeidh Plean Fostaíochta Iorras Aithneach seolta faoin tráth a mbeidh an Leabhar Bliantúil seo ar fáil. Tá an Plean curtha le chéile faoi scáth Údarás na Gaeltachta agus tá Coistí sa gceantar théis a gcuid tuairimí a thabhairt.

Tá staidéar déanta sa gcáipéis ar an gcaoi a bhfuil cúrsaí oibre sa gceantar. Mar shampla, tá rate 34% dífhostaíochta i gcuid mhór de cheantar Chill Chiaráin agus Charna. Fágann sin go bhfuil sé imeasc na "national unemployment blackspots".

Ní fhéadfaidh muid an Plean uilig a chur ar fáil anseo ach tá muid a' cheaptha gur b'iad seo leanas na moltaí is tábhachtaí ó thaobh na fostaíochta de.

Tá Páirc na Mara agus an tIonad G - Teic ar an Eastáit Tionscail i Roisín na Mainíoch ar an dá rud is mo atá ann: tá siad seo pléite agus ciortha le cuid mhaith blianta – agus geallta le cupla bliain. Ba cheart go mbéifí inann an G-Teic a thosaí go luath.

Ó thaobh Pháirc na Mara de, d'fhéadfadh deacrachtaí go leor a bheith ag Údarás na Gaeltachta ag cur an phlean seo thríd an gcóras ceadúnais phleanála. Tá léargas fáighte ar sin cheanna féin.

**Nóta:**

**GT - Gearrthéarma**
**MT - Meántéarma**
**FT - Fadthéarma**

| Fiontraíocht | Páirtithe Leasmhara | Am | Ceann Eagraíocht Molta |
|---|---|---|---|
| Forbairt a dhéanamh ar Pháirc na Mara mar lárionad nuálaíochta agus breis luacha do earnáil na mara | Údarás na Gaeltachta / Foras na Mara / G.M.I.T. / OÉGaillimh / B.I.M. / Co.Co. na Gaillimhe / Roinn Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta / Dept. of Marine / Teagasc / GRETB | MT FT | ÚnaG |
| Forbairt a dhéanamh ar Ionad Taighde & Nuálach do Earnáil na Mara ar shuíomh Páirc na Mara | Údarás na Gaeltachta / Foras na Mara / G.M.I.T. / OÉGaillimh / B.I.M. / Co.Co. na Gaillimhe / Roinn Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta Dept. of Marine / Teagasc / GRETB | MT | ÚnaG |
| Measúnú Tionchar Timpeallachta agus na ceadúnais cuí eile a fháil do Pháirc na Mara | Údarás na Gaeltachta / Coiste Comhairleach Pháirc na Mara | GT | ÚnaG |
| Cead pleanála do Pháirc na Mara | Údarás na Gaeltachta / Coiste Comhairleach Pháirc na Mara | GT | ÚnaG |
| Forbairt a dhéanamh ar Ionad Tacaíochta Ghnó ar shuíomh Páirc na Mara i gCill Chiaráin do earnáil na mara | ÚnaG / Coiste Comhairleach Pháirc na Mara | GT | ÚnaG |
| Margaíocht a dhéanamh ar an gceantar mar láthair ghnó do thionscail na mara agus earnálacha forbartha eile. | ÚnaG / Coistí áitiúla | GT | ÚnaG |
| Forbairt a dhéanamh ar earnáil na feamainne ar bhonn inmharthanacht sa gceantar | Arramara Teo. / ÚnaG | GT MT | Arramara Teo. / ÚnaG |
| Forbairt a dhéanamh ar thogra Fuinneamh Inathnuaite Fotovoltaic, ar shuíomh Páirc na Mara – tograí píolótach a chur ar bun | ÚnaG / Coiste Comhairleach Pháirc na Mara | GT | ÚnaG & eile. |
| Na féidearthachtaí a mheas maidir le córas eisilte nádúrtha a fhorbairt | ÚnaG / Coiste Comhairleach Pháirc na Mara | GT | ÚnaG |
| Gorlann gnó a fhorbairt i bPáirc na Mara | ÚnaG | MT FT | ÚnaG |
| Breathnú ar na deiseanna chun an Tionscail Próiseála Éisc a fhorbairt sa gceantar | Comhlacht Próiseála Éisc / ÚnaG | GT | Comhlacht Próiseála Éisc Chill Chiaráin |
| Athstruchtúrú ar Chomharchumann Sliogéisc Chonamara Teo. | Comharchumann Sliogéisc Chonamara Teo. / ÚnaG / Foras na Mara / OÉG | GT | Comharchumann Sliogéisc Chonamara Teo. |
| Plean forbartha a leagan amach d'fhorbairt an earnáil Sliogéisc sa gceantar | CSC Teo. / ÚnaG / B.I.M. / Foras na Mara / SFPA | GT | CSC Teo. / ÚnaG |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ionad a fhorbairt ag Páirc na Mara don tionscail Sliogéisc (gorlann, grádú, íonúchán, margaíocht, stóráil, oifig) | ÚnaG / C.S.C. Teo. / B.I.M. | MT | ÚnaG / C.S.C. Teo. |
| Clár margaíochta a chur i bhfeidhm don tionscail sliogéisc | C.S.C. Teo. / ÚnaG / B.I.M. | MT | C.S.C. Teo. / ÚnaG / B.I.M. |
| Comharthaí eolais maidir leis an hoisrí nádúrtha a chrochadh ag láithreacha straitéiseacha | C.S.C. Teo. / ÚnaG / B.I.M. / Foras na Mara | GT | C.S.C. Teo. |
| I dtaca leis an obair náisiúnta i leith pleanáil spás mara, na féidearthachtaí maidir le Oifigeach a fhostú chun díriú ar phlean a chur le chéile don réigiún a mheas. | ÚnaG / Foras na Mara / Roinn Thithíocht, Pleanáil agus Rialtais Áitiúil | GT | ÚnaG |
| Deiseanna a aithint chun tograí fiontraíochta a mhealladh chuig spásanna saor sa gceantar: Ros Muc 2, Eastát Ros Muc; Carna 4, Eastát Charna | ÚnaG | GT<br>MT | ÚnaG |
| Na féidearthachtaí a scrúdú maidir le clár athnuachan fuinnimh a chur ar fáil sa gceantar | S.E.A.I. / ÚnaG / Coistí áitiúla / scéimeanna fostaíochta | GT<br>MT | Coistí áitiúla |
| Scrúdú a dhéanamh ar na riachtanais i leith uasghrádú agus cothabháil a dhéanamh ar maoin ÚnaG sa gceantar | ÚnaG | GT | ÚnaG |
| Forbairt a dhéanamh ar mol digiteach ar an eastát i Roisín na Mainiach, mar chuid den gréasán G-Teic na Gaeltachta | ÚnaG / F.C.L. Teo. | GT | ÚnaG / F.C.L. Teo. |
| Feachtas margaíochta i leith an mol digiteach (G-Teic Charna) a chur i bhfeidhm | ÚnaG / F.C.L. Teo. | GT | F.C.L. Teo. |
| Deiseanna a aithint agus margaíocht a dhéanamh ar an gceantar i gcóir an réimse cian-oibriú | ÚnaG / O.É.G. | GT<br>MT | ÚnaG |
| Scrúdú a dhéanamh ar na féidearthachtaí tograí teanga bhunaithe a bhunú sa gceantar | F.C.L. Teo. / An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta / ÚnaG / Acadamh na hOllscoile | GT<br>MT | F.C.L. Teo. / Coistí áitiúla |
| Tacaíocht bainistíochta a chur ar fáil do Ionad Cuimhneacháin na nImirceach | Coiste Ionad Cuimhneacháin na nImirceach / ÚnaG | GT | Coiste Ionad Cuimhneacháin na nImirceach / ÚnaG |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Tacaíocht bainistíochta a chur ar fáil do Ionad Cuimhneacháin na nImirceach | Coiste Ionad Cuimhneacháin na nImirceach / ÚnaG | GT | Coiste Ionad Cuimhneacháin na nImirceach / ÚnaG |
| Plean míniúcháin a hullmhú agus a chur in áit do Ionad na nImirceach | Coiste Ionad Cuimhneacháin na nImirceach / ÚnaG / An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta | GT<br>MT | Coiste Ionad Cuimhneacháin na nImirceach |
| Plean Teanga Chonamara Láir le cur i bhfeidhm | Coiste Pleanáil Teanga / ÚnaG | GT | Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga Chonamara Láir |
| Pleanáil Teanga - 2 Oifigigh Forbartha a fhostú chun plean teanga an cheantair a chur i bhfeidhm | ÚnaG / Coiste Pleanála Teanga / Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta | GT | Coiste Stiúrtha Pleanála Teanga Chonamara Láir |
| Tacaíocht a chur ar fáil do fiosrúcháin gnó áitiúla – seirbhís rialta a bheith ar fáil sa gceantar | ÚnaG | GT | ÚnaG |
| Seirbhís níocháin agus triomú éadach | Earnáil phríobháideach / Forum Connemara (LEADAR) | GT<br>MT | Earnáil phríobháideach |
| Tacú le F.C.L. Teo. ina gcuid gníomhaíochtaí mar comharchumann Gaeltachta áitiúil | F.C.L. Teo. / ÚnaG | GT | ÚnaG / F.C.L. Teo. |
| Na healaíona a chothú sa gceantar. Deiseanna rannpháirtíocht sna healaíona a chothú don phobal. Freisin, deiseanna forbartha agus fostaíochta a chothú agus a éascú d'ealaíontóirí an cheantair sna healaíona traidisiúnta agus comhaimseartha | ÚnaG / Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta / An Comhairle Ealaíon / Foras na Gaeilge | MT | Ealaín na Gaeltachta |

# I nGáirdín Dé

*Ar dheis Dé go raibh siad*

**Daoine a fuair bás agus a cuireadh sa bpobal idir 30/11/17 agus 30.10.18**

Biddy Berry, Carna, 26/10/17

Michael Ó Maoilchiaráin, Caladhfhuinnse & Gaillimh, 22/11/17

Páidín Ó Ceannabháin, Aird Thiar, 6/1/18

Micheál Bán Ó Cualáin, Loch Con Aortha, 12/1/18

Marcas Ó Ceannabháin, Aird Thoir, 17/1/18

Josie Moylan, Aird Mhóir, 30/3/18

Micheál Ó Ceannabháin (Pepsi), 9/5/18

Seosamh Ó Catháin, Caladhfhuinnse, 26/5/18

Tom McGrath, Clochán & Doire Iorrais, 16/06/18

Cáitín Ní Chadhain, Loch Con Aortha, 2/7/18

Grace Casey, Muighinis, 7/7/18

Seán Ó Maoilchiaráin, Caladhfhuinnse, 9/7/18

Glenn Harry Cowgill, California, 28/7/18

Matt Ó Cathasaigh Aird Mhóir, 14/8/18

Máire Mharcuisín Mhic Dhonncha, Aird Mhóir, 31/8/18

Bairbre bn Uí Chualáin, Ruisín na Manach, 16/9/18

Antaine Ó Cualáin, Muighros, 13/9/18

Micí Ó Súilleabháin, Loch Con Aortha, 24/10/18

**An líon gasúr i mbunscoileanna an cheantair**

| | 1990 | 1998 | 2008 | 2014 | 2015 | 2017 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Muigh Inis** | 30 | 29 | 16 | 23 | 25 | 26 | 25 |
| **Carna** | 78 | 47 | 40 | 36 | 43 | 43 | 51 |
| **Aird Thiar** | 61 | 49 | 33 | 38 | 37 | 40 | 38 |
| **Cill Chiaráin** | 73 | 66 | 27 | 32 | 38 | 33 | 35 |
| **Aird Mhóir** | 50 | 77 | 53 | 32 | 37 | 30 | 24 |
| **Muighros** | 38 | 18 | Dúnta | | | | |
| **IOMLÁN** | **336** | **286** | **169** | **161** | **180** | **172** | **173** |

## Sonas Oraibh

**Phós na lánúin seo leanas sa pharóiste:**

Seosamh Ó Cathasaigh & Bríd Ní Chualáin.

Diarmuid Flynn & Berndette NicDhonncha.

Réamonn Ó Flatharta & Elaine Nic Cormaic.

David Clark & Cáit Canavan.

Seán Ó Catháin & Niamh Corbett.

Brian Ó Donnchadha & Máire Bríd Ní Mhaoilchiaráin.

Ruairi Kelly & Laura Hernon.

Seósamh Ó Cathasaigh & Rose Ní Fhéinneadha.

## Céad Fáilte Romhaibh:

*Baisteadh na gasúir seo leanas i bParóiste Iorras Aithneach idir Samhain 2017 agus Samhain 2018.*

Aodhán Pádraic Ó Fallúin.
Amelie Mary Goretti Connolly.
Seán Michael Ó Clochartaigh.
Oisín Connolly.
Blake Martin Connolly.
Peadar McDonncha.
Julian Mac Dara Folan.
Mary Florence O'Malley.
Liam Máirtín Seoighe.
Mairéad Máire Caitríona Kielthy.
Grace Mary Ann Ní Chonghaile
Jason David Hannick.
Blaithín Isabella Durr.

# Halla Charna 1949 - 2007





**An ócáid ag ar bhronn Coiste Forbartha Charna €36,000 ar chiste tógála Ionad Cuimhneacháin na nImirceach.**
*Ó chlé:* Seosamh Ó Cuaig, Micheál Ó Cualáin, Séamus Ó Coileáin (Coiste Forbartha), Máirtín Ó Gríofa, Tomás Ó hIarnáin (beagán ar gcúl), Steve Ó Cúláin (Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta san am sin), Tomás Ó Nídh (Coiste Forbartha), Máirtín Ó Catháin, Caitlín Uí Chonaire, Yvonne King, Micheál Ó hÉanaigh (Bainisteoir Fiontraíochta agus Fostaíochta in Údarás na Gaeltachta san am, Máirín Ní Choistealba-Seoighe, Roibeárd Ó hÉilí, Eugene Delamere, Nóra Uí Éilí, Trease Seoighe (Roinn na Gaeltachta) agus Pádraig Ó Cualáin (Saoiste ar an suíomh).

Costcutter
Proud to be local

# Tigh Leavy



Siopa Grósaera
Búistéara / Fíon



**Aird Mhóir**
**Fón/Facs: 095-32230**
Seolann muid beannachtaí na Nollag chuig ár gcustaiméaraí ar fad



Páraic agus Angela



**Tigh Leavy Bar**
Aird Mhóir



**Ceol & Craic**
**Pool & Darts**




***Comhghairdeachas leis an Irisleabhar agus Nollaig Shona***

# Cead Pleanála...???

*- Lúc Mac an Iomaire*

San am ina bhfuil muid faoi láthair, bíonn go leor cainte ar chead pleanála. Is beag duine a bhfuil baint aige le obair thógála nach dteastaíonn uaidh slua mór a fhostú leis an gcead pleanála a fháil....idir chomhairleoirí, innealltóirí, lucht taighde ó gach aon Roinn dár chruthaigh an Rialtas nó an EEC ariamh! Ná déan dearmad ar na daoine ó National Parks and Wildlife, ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil...gan caint ar Roinn na Gaeltachta, an Chomhairle Contae nó cúpla dream eile nach féidir liom cuimhniú orthu faoi láthair!

Bíonn tú ag bualadh do chloiginn faoin mballa leath na haimsire ag iarraidh meabhair nó tuiscint a bhaint as rialacha agus dindiúirí, a bhfuil obair chrua lae ort iad a chíoradh, foirm a líonadh isteach agus iad a sheoladh go dtí na húdaráis... fios maith agat go mbeidh cuid acu dhá seoladh ar ais chugat le nóta, m.s. "Ceist a 35; an bhfuil díon le bheith ar an teach, cén cineal dín é, sclátaí, tile nó ceann tuí---nó mara bhfuil díon le bheith air, fág an bosca bán!"



**Ag coinneáil súil ar an mbóthar**
- Bernadette Uí Mhaoilchiaráin

Ní raibh aon chead pleanála i gceist san am atá caite. Ach mar sin fhéin, bhí rialacha áitiúla i gceist. Ní bheadh aon duine ag tosú ar theach a thógáil gan focal a bheith aige leis an mbean feasa áitiúil....Fiú is go mba Caitlicigh nó dream creidimh éagsúla iad, bhí roinnt pisreogaí ann agus bhí an bhean feasa an-tábhachtach le comhairle a chur ar na daoine.

Ní raibh aon duine sásta fearg ná múisiam a chur uirthi le faitíos go mbeadh sí ábalta mí-ádh nó "spell" a chur ar an suíomh nó ar an teach.

Bhí an fear seo as ceantar Charna ag gabhail ag tógáil tí. Shocraigh sé cuairt a thabhairt ar bhean feasa a bhí sa gClochán le comhairle a fháil uaithi. Bhí cáil mhór uirthi seo le chuile chineál pisreogaí agus diabhlaíochta--- agus obair an diabhail! Bhí faitíos ag go leor daoine roimpi agus údar acu.

"Tá mé ag tógáil teach i gCarna," a dúirt sé, "agus rún agam é a thógáil ar chnocán ag breathnú amach ar Chuan Chill Chiaráin."

Dúirt an bhean leis; "Is mór is fiú dhuitse gur tháinig tú chomh fada liom inniu. Nach bhfuil a fhios agat dhá mbeadh teach tógtha ar an suíomh agat ní bheadh aon ádh ná suaimhneas agat sa teach seo go brách. Tá tú ar tí teach a

thógáil ar chosán; bíonn daoine ag úsáid an chosáin seo gach oíche. Dhá mbeadh teach ar an gcosán tógtha agat, bheadh orthu a ghabháil thríd an teach le taisteal go dtí na mbaile."

"Á," a deir an fear, "bheadh siad in ann cosán eile a úsáid."

"Ach," a der an bhean feasa, "Ní daoine beo atá mise ag caint orthu ach ar na mairbh. Ta siad ag úsaid an bhealaigh leis na blianta. Tá gleann beag taobh thoir den áit ar inis tú dhom fúithi.

Tóg do theach ar an suíomh seo ach bíodh aghaidh an tí ar an gcnoc, cúl an tí ar an bhfarraige agus beidh sonas agus só agus ádh ar chuile dhuine a mhaireanns faoin díon agus a sliocht ina ndiaidh."

Thug an fear bronntanas de dhá bhuidéal poitín di a bhí i mála aige sa gcarr capaill. Ghlac sé buíochas léi agus dúirt sé. "Is dóigh gur cheap tú nach raibh aon phoitín agam dhuit."

Dúirt an bhean feasa leis; "Bíodh ciall agat!.. Caoi ar bith go raibh mé ábalta suíomh do theach a fheiceáil 30 míle ó bhaile, bhí sé éasca go leor agam an poitín a fheiceáil sa gcarr capaill!"

D'fhill an fear abhaile agus thóg sé a theach sa suíomh a dúirt sí leis. Bhí ádh agus sonas agus só ar chuile dhuine a chónaigh sa teach go dtí an lá inniu.

Meas tú nár cheart an cead pleanála a thabhairt ar ais go dtí na Comhairleoirí cearta? Bheadh sábháilt mhór airgid againn!

# Cailleach na hAirde Móire -
## – agus a comhairle siúd faoi thíthe agus faoin saol

***Seo mar a chuir Colmh Ó Gaora síos ina leabhar "Mise" ar na mná feasa a bhí ag obair lena linn féin.***

"Bhíodh beirt bhean feasa ina gcónaí an uair sin in Iorras Aithneach. Bhí bean acu seo san Aird Mhóir agus an duine eile i Loch Conaortha. Muide a bhí inár gcónaí in aice leo, ní thugaimis aird dá laghad ar cheachtar acu. Ní hé sin le rá ach mbíodh tarraingt daoine orthu. Ní théadh an tseachtain sin thart nach bhfeicinn fir is mná ar chaiple agus ag siúl dá gcois ag dul go dtí iad.


Bhí caint is trácht ar bhean na hAirde Móire ar fud Chonamara agus Iarchonnachta. Is é an t-údar a raibh sise i mbéal na ndaoine chomh mór sin, mar bhí a teach ar chúla teach comharsan di, agus bhí an teach comharsan ar shúil an bhóithrín a dtagadh na daoine faoina déinse. Théidis isteach sa teach seo ar a mbealach go dtí ise. Ligidís a rún le fear an tí. Uaidhsean a d'fhaigheadh cailleach na luibhe seo an fios.

Nuair a d'insíodh sise a scéal féin ar ais arís dóibh seo a thagadh faoina déin thugaidís suas di é nach raibh file ná fáidh mar í. Ní raibh ach cáil áitiúil ar an mbean eile. Bhíodh an ghráin shíoraí againn orthu seo a d'fheicimis ag dul faoina ndéin. Nuair a bhídís ag teacht ar ais cheapaimis go mbíodh luibheanna ina bpócaí acu agus dá gcaithidís linn iad go leagfaidís muid is nach gcuirfimis ceann na bliana isteach. Níl cloch ná crann ar áitreabh na mban luibheanna seo anois."

# Gradam



**Ócáid ag ar bronnadh ceann de ghradaim forbartha pobail Údaras na Gaeltachta ar Charna beagnach 30 bliain ó shin.**
Ó chlé: Micheál Mac Oireachtaigh, Máirín Uí Dhúbhda, Donncha Ó Gallchóir as Acaill – iar Aire Gaeltachta agus iar Chathaoirleach ar Bhord Údarás na Gaeltachta, Bairbre Uí Ghuairim, Seán Ó Cathasaigh agus Terry Ó Laoghaire, bainisteoir de chuid Údarás na Gaeltachta san am sin.



Sochraid Joe Éinniú i reilig Mhuighrois.

A thaisí tugtha abhaile as Meiriceá.

Jackie Folan Limited

# Jackie Ó Cualáin

# Conraitheoir Tógála

# Carna

*CUIREANN MUID SEIRBHÍS AR FÁIL AR FUD CHONAMARA*



Jackie Folan Limited

**Faigh i dteagmháil linn:**

**Fón:** 095-32331

**Mobile:** 087-7835810/ 087-2249498

**Leann muid ar Facebook ag 'Jackie Folan Limited'**

# Turas don Iodáil

*- Ionnaigh Ní Allmhuráin & Séamas Ó Maoilchiaráin – Scoil Phobail Mhic Dara.*

Ar an 24ú Deireadh Fómhair chuaigh muid ar turas go dtí Loch Garda san Iodáil. Bhí muid ag súil go mór leis an turas seo. Chuaigh fiche ceathair dalta agus triúr múinteoir linn. D'fhág muid an scoil ag meanoíche Dé hAoine ar bhus. Bhí orainn a bheith i mBáile Átha Cliath ag ceathrú chun a ceathair ar maidin. Bhí an t-eitleán ag fágáil ag a sé. Ba eitilt fhada a bhí ann.

Tá loch Garda i dtuaisceart na hIodáile. Tá radharc álainn ann ar na hAlpa. Bhí neart rudaí pleanáilte le haghaidh an turais. Shroich muid Milan in am agus chuaigh muid ar thuras bus i Milan. Thóg muid neart pictiúrí i Milan.

Áit an-deas é le foirgnimh mhóra. Tar éis ár dturas bus, chuaigh muid go Verona. Thug muid cuairt ar theach Juliet ón dráma Shakespeare "Romeo & Juliet." Chonaic muid an Airéin Rómánach "Stadium San Zeno." Áit an-suimiúil, stairiúil atá ann lán le sean-foirignimh. Ag leathuair tar éis a sé chuaigh muid go dtí an t-óstán San Zeno agus bhí dinnéar álainn againn. Bhí an t-óstán go hálainn ach bhí an t-úinéir cantalach!

Lá arna mhárach chuaigh muid go dtí "Gardaland." Bhí a lán rollchóstóirí ann agus chaith muid an lá ann. Ní raibh aon duine tinn, buíochas le Dia! Bhí neart spraoi agus craic againn ann! Bhí ceann de na rollchóistóirí an "Oblivion" ann. Le seo chuaigh muid suas san aer air agus thit muid díreach síos i tollán gaoithe agus bhí neart casadh géar ann.

An lá dar gcionn chuaigh muid go Venice,áit nach raibh aon charranna ná bóithre ann. Bhí an ghrian ag scoilteadh na gcloch agus bhí teas aisteach ann. Ar dtús, shroich muid Cearnóg Naomh Marc agus chaith muid uair a chloig ag siúl thart ann.Ansin bhí orainn dul ar turas siúlóide timpeall na cathrach. D'fhoghlaim muid faoi stair na cathrach agus faoin na margaí atá acu. Is ar bháid uilig a ghluaiseann daoine thart sa gcathar.

Bhí bia álainn i Venice agus fuair muid píotsa breá! Ansin chuaigh muid go dtí monarcha ghloine chailúil an"Murano Glass Factory", áit a raibh go leor rudaí deasa ach faraoir, bhí siad an-daor.

Bhí an-brón orainn ar an lá deireadh nuair a d'fhág muid an t-óstán. Chuaigh muid síos go dtí an chathair Loch Garda. Ansin chuaigh muid ar Cár Cábla agus suas ar bharr an tsléibhe. Chonaic muid an-radharcannaí. Shiúl muid timpeall na cathrach ag siopadóireacht.

Tar éis é sin chuaigh muid ar ais go dtí an aerfort. Tá mé ceapadh go raibh chuile dhuine breá sásta ach bhí sé go deas a bheith ag dul abhaile arís.

# Daonra agus eolas eile as an Daonáirimh is deireannaigh.

Tá bailte Ghabhla, Chaladh an Chnoic, Dhoire Iorrais agus Choill Sáile .... chomh maith le baile fearainn Bhun na hAbhann atá i bparóist an Chaisil i dtoghroinn Abhainn Ghabhla (District Electoral Division).

| **Abhainn Ghabhla – Daonra agus Aois Ghrúpaí na nDaoine.** | | | |
|---|---|---|---|
| Aois Ghrúpa | Fir | Mná | Iomlán |
| Naonáin | 1 | 0 | 1 |
| 1 Bliain | 1 | 2 | 3 |
| 2 | 0 | 0 | 0 |
| 3 | 0 | 2 | 2 |
| 4 | 2 | 1 | 3 |
| 5 | 2 | 3 | 5 |
| 6 | 0 | 1 | 1 |
| 7 | 4 | 3 | 7 |
| 8 | 2 | 2 | 4 |
| 9 | 0 | 1 | 1 |
| 10 | 0 | 0 | 0 |
| 11 | 1 | 3 | 4 |
| 12 | 2 | 2 | 4 |
| 13 | 1 | 1 | 2 |

| **Abhainn Ghabhla** – Daonra agus Aois Ghrúpaí na nDaoine. | | | |
|---|---|---|---|
| Aois Ghrúpa | Fir | Mná | Iomlán |
| 14 | 1 | 0 | 1 |
| 15 | 2 | 0 | 2 |
| 16 | 1 | 2 | 3 |
| 17 | 1 | 0 | 1 |
| 18 | 1 | 1 | 2 |
| 19 | 1 | 0 | 1 |
| 20-24 | 7 | 4 | 11 |
| 25-29 | 7 | 2 | 9 |
| 30-34 | 6 | 4 | 10 |
| 35-39 | 6 | 11 | 17 |
| 40-44 | 9 | 10 | 19 |
| 45-49 | 4 | 5 | 9 |
| 50-54 | 13 | 5 | 18 |
| 55-59 | 11 | 10 | 21 |
| 60-64 | 13 | 14 | 27 |
| 65-69 | 21 | 10 | 31 |
| 70-74 | 14 | 7 | 21 |
| 75-79 | 7 | 1 | 8 |
| 80-84 | 4 | 5 | 9 |
| 85+ | 1 | 3 | 4 |
| **Iomlán** | 146 | 115 | 261 |

**Abhainn Ghabhla - Líon daoine ag obair.**

| Tionscail | Fir | Mná | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Talmhaíocht, foraoíseacht agus iascach. | 8 | 1 | 9 |
| Obair thógála | 3 | 0 | 3 |
| Tionscail dhéantúsaíochta | 9 | 4 | 13 |
| Tráchtáil | 4 | 4 | 8 |
| Iompar agus cumarsáid | 3 | 3 | 6 |
| Obair ríaracháin phoiblí | 0 | 2 | 2 |
| Seirbhísí gairmiúla | 5 | 22 | 27 |
| Cineálacha eile oibre | 10 | 4 | 14 |
| **Iomlán** | **42** | **40** | **82** |

**Abhainn Ghabhla - Líon títhe a bhfuil carr iontú**

| Caranna | Teach |
|---|---|
| Gan carr | 20 |
| Carr amháin | 49 |
| 2 charr | 31 |
| 3 charr | 5 |
| 4 carr ...nó níos mó ná sin | 0 |
| Níor dúradh | 7 |
| **Iomlán** | **112** |

| Abhainn Ghabhla - Líon títhe a bhfuil ríomhaire iontú | |
|---|---|
| Ríomhaire | Teach |
| Tá | 55 |
| Níl | 51 |
| Níor dúradh | 6 |
| **Iomlán** | **112** |

| Abhainn Ghabhla - Líon títhe a bhfuil fáil acu ar an Idirlíon (Internet) | |
|---|---|
| Fáil ar an Idirlíon | Teach |
| Banda leathan | 42 |
| Bealaí eile | 15 |
| Níl ar chor ar bith | 48 |
| Níor dúradh | 7 |
| **Iomlán** | **112** |

**Cnoc Buí** – Tá an ceantar as Caladh an Chnoic siar Glinnsce, siar Muighros, isteach Duibhithe agus na hAirdeanna...aniar go sráidbhaile Charna agus isteach Mhuigh Inis sa toghroinn seo – An Cnoc Buí.

| AOIS agus Aois Ghrúpa | Fir | Mná | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Naíonáin | 6 | 5 | 11 |
| 1 | 5 | 3 | 8 |
| 2 | 8 | 4 | 12 |
| 3 | 7 | 5 | 12 |
| 4 | 6 | 4 | 10 |
| 5 | 5 | 8 | 13 |
| 6 | 4 | 11 | 15 |
| 7 | 5 | 8 | 13 |
| 8 | 6 | 4 | 10 |
| 9 | 6 | 8 | 14 |
| 10 | 4 | 7 | 11 |
| 11 | 4 | 5 | 9 |
| 12 | 4 | 3 | 7 |
| 13 | 2 | 7 | 9 |
| 14 | 3 | 3 | 6 |
| 15 | 5 | 5 | 10 |
| 16 | 6 | 3 | 9 |
| 17 | 7 | 2 | 9 |
| 18 | 2 | 3 | 5 |

**Cnoc Buí** – Tá an ceantar as Caladh an Chnoic siar Glinnsce, siar Muighros, isteach Duibhithe agus na hAirdeanna...aniar go sráidbhaile Charna agus isteach Mhuigh Inis sa toghroinn seo – An Cnoc Buí.

| AOIS agus Aois Ghrúpa | Fir | Mná | Iomlán |
|---|---|---|---|
| 19 | 4 | 4 | 8 |
| 20-24 | 15 | 9 | 24 |
| 25-29 | 21 | 20 | 41 |
| 30-34 | 17 | 19 | 36 |
| 35-39 | 16 | 22 | 38 |
| 40-44 | 24 | 25 | 49 |
| 45-49 | 15 | 23 | 38 |
| 50-54 | 20 | 33 | 53 |
| 55-59 | 29 | 25 | 54 |
| 60-64 | 32 | 38 | 70 |
| 65-69 | 46 | 28 | 74 |
| 70-74 | 27 | 24 | 51 |
| 75-79 | 17 | 17 | 34 |
| 80-84 | 6 | 14 | 20 |
| 85+ | 12 | 15 | 27 |
| **Iomlán** | 396 | 414 | 810 |

| Cnoc Buí - Líon daoine ag obair | | | |
|---|---|---|---|
| Tiionscail | Fir | Mná | Iomlán |
| Talmhaíocht, foraoiseacht, iascach | 25 | 3 | 28 |
| Obair thógála | 11 | 0 | 11 |
| Tionscail dhéantúsaíochta | 15 | 3 | 18 |
| Tráchtáil agus gnó | 10 | 14 | 24 |
| Iompar agus Cumarsáid | 8 | 4 | 12 |
| Ríarachán poiblí | 9 | 4 | 13 |
| Seirbhísí gairmiúla | 16 | 67 | 83 |
| Cineálacha eile oibre | 17 | 24 | 41 |
| **Iomlán** | **111** | **119** | **230** |

| Cnoc Buí - Líon títhe a bhfuil carr iontú. | |
|---|---|
| Carr | Teach |
| Gan carr | 40 |
| Carr amháin | 136 |
| 2 carr | 101 |
| 3 charr | 8 |
| 4 carr nó níos mó. | 3 |
| Níor dúradh | 7 |
| **Iomlán** | **295** |

| Cnoc Buí - Líon títhe a bhfuil ríomhaire iontú | |
|---|---|
| Ríomhaire | Teach |
| Tá | 167 |
| Níl | 122 |
| Níor dúradh | 6 |
| **Iomlán** | **295** |

| Cnoc Buí - Líon títhe a bhfuil fáil acu ar an Idirlíon (Internet). | |
|---|---|
| Córas Idirlíon | Teach |
| Leathanbhanda | 151 |
| Bealaí eile | 40 |
| Níl fáil ar bith | 97 |
| Níor dúradh | 7 |
| **Iomlán** | **295** |

# Scannimh – Tá an ceantar ó shráidbhaile Charna soir go Coill Sáile i dtoghroinn Scainnimh.

**Scainnimh - Daonra ó 0-19 i mblianta agus daonra 20+ in aois ghrúpaí.**

| Aois ghrúpa | Firinscneach agus Fir | Baininscneach agus Mná. | Iomlán |
|---|---|---|---|
| 0 | 1 | 0 | 1 |
| 1 | 0 | 1 | 1 |
| 2 | 7 | 1 | 8 |
| 3 | 4 | 0 | 4 |
| 4 | 0 | 1 | 1 |
| 5 | 4 | 9 | 13 |
| 6 | 4 | 1 | 5 |
| 7 | 6 | 5 | 11 |
| 8 | 4 | 6 | 10 |
| 9 | 5 | 7 | 12 |
| 10 | 3 | 0 | 3 |
| 11 | 4 | 2 | 6 |
| 12 | 3 | 7 | 10 |
| 13 | 4 | 2 | 6 |
| 14 | 2 | 4 | 6 |
| 15 | 0 | 9 | 9 |
| 16 | 6 | 6 | 12 |
| 17 | 8 | 4 | 12 |
| 18 | 3 | 3 | 6 |

**Scainnimh - Daonra ó 0-19 i mblianta agus daonra 20+ in aois ghrúpaí.**

| Aois ghrúpa | Firinscneach agus Fir | Baininscneach agus Mná. | Iomlán |
|---|---|---|---|
| 19 | 5 | 4 | 9 |
| 20-24 | 12 | 17 | 29 |
| 25-29 | 25 | 11 | 36 |
| 30-34 | 9 | 12 | 21 |
| 35-39 | 17 | 19 | 36 |
| 40-44 | 20 | 24 | 44 |
| 45-49 | 23 | 20 | 43 |
| 50-54 | 18 | 17 | 35 |
| 55-59 | 26 | 26 | 52 |
| 60-64 | 37 | 26 | 63 |
| 65-69 | 27 | 22 | 49 |
| 70-74 | 14 | 7 | 21 |
| 75-79 | 11 | 7 | 18 |
| 80-84 | 2 | 3 | 5 |
| 85+ | 4 | 11 | 15 |
| Total | 318 | 294 | 612 |

| Scainimh - Daoine ag obair. | | | |
|---|---|---|---|
| Tiionscail | Fir | Mná | Iomlán |
| Talmhaíocht, foraoíseacht, iascach | 19 | 1 | 20 |
| Obair thógála | 11 | 0 | 11 |
| Tionscail dhéantúsaíochta | 18 | 3 | 21 |
| Tráchtáil agus trádáil | 4 | 7 | 11 |
| Iompar agus cumarsáid | 6 | 8 | 14 |
| Ríarachán poiblí | 2 | 1 | 3 |
| Seirbhísí poiblí | 19 | 54 | 73 |
| Cineálacha eile oibre | 15 | 12 | 27 |
| **Iomlán** | **94** | **86** | **180** |

| Scainimh - Líon títhe a bhfuil carr iontú | |
|---|---|
| Carr | Teach |
| Gan carr | 44 |
| Carr amháin | 106 |
| 2 carr | 59 |
| 3 carr | 7 |
| 4 carr nó níos mó | 2 |
| Níor dúradh | 9 |
| **Iomlán** | **227** |

| Scainimh - Líon títhe a bhfuil ríomhaire iontú | |
|---|---|
| Ríomhaire | Teach |
| Tá | 117 |
| Níl | 97 |
| Níor dúradh | 13 |
| **Iomlán** | **227** |

| Scainimh - Líon títhe a bhfuil fáil acu ar an Idirlíon (Internet) | |
|---|---|
| Córas Idirlíon | Teach |
| Leathanbhanda | 123 |
| Bealaí eile | 16 |
| Gan ceangal ar bith | 80 |
| Níor dúradh | 8 |
| **Iomlán** | **227** |

arramara teo
Ireland's Premier Seaweed Processors

# Arramara Teoranta

## Tiomnaithe níos mó ná ariamh do bheith páirteach i bpobal Iorras Aithnigh agus Iarthair na hÉireann.



## Ag cothú Tionscail na Feamainne sna blianta romhainn ar mhaithe le:

- Slí bheatha lucht bainte na feamainne a chinntiú.
- Cur le fostaíocht sna ceantair cois cósta.
- An timpeallacht a choinneáil slán.
- Cur le gnónna áitiúil.
- Forbairt a dhéanamh ar Nuatheicneolaíochtaí Éireannacha.
- Bheith dílis do oidhreacht ceantair farraige an Iarthair.

# An Imirt Thart Anois



Tá an bás théis beirt de pheileadóirí cumasacha Carna sna blianta a caitheadh a sciobadh uainn le cupla bliain.

D'imigh **Seán Ó Maolchiaráin** – Johnny Pheatín Tommy as Caladh bhFuínns ar shlí na firinne i mbliana. Bhí sé ar chomhchéim, nó níos fearr ina fhear lár páirce ná duine ar bith eile sa gcontae seo lena linn. D'imir sé do fhoireann mionúir na Gaillimhe i 1966 agus bhí sé ina chaptaen ar fhóirne na Connemara Gaels i Chicago freisin in imeacht na mblianta.

D'imigh **Pádraig Ó Coirbín** ar shlí na firinne anuraidh. Bhí Pádraig cumasach sna tosaíthe agus ba mhaith uaidh scóranna a aimsiú lena linn. Bhí Pádraig ar fhóirne mionúir na Gaillimhe agus bhí sé ina chaptaen ar fhoireann Ghaeltacht Chonamara a bhuaigh Craobh Shinsir Peile na Gaeltachta i 1970.

Sa bpictiúr: Johnny Pheatín Tommy ag ceannsú na liathróid san aer agus Pádraig Ó Coirbín (ar dheis sa bpictiúr) réitíthe le cúnamh a thabhairt dó.

Go raibh suaimhneas síorraí ag an mbeirt acu.

# Peil na mBan Carna/Caiseal

*- Dolores Uí Mhadaoin*

Sa mbliain 2018 chuaigh peil an mBan in Iorras Aithneach ó neart go neart. Don chéad uair araimh i stáir peil na mban, tá foirne againn F12, F14 & F16 agus foireann sóisir chomh maith le uimhreacha laidir i traenáil F8/F10 agus ag tógáil pairt i gcomórtáis Blitz timpeall an chondae. Le uimhreacha maith ag teacht amach chuig traenáil faoi aois, tá an todhchaí ag breathnú go maith do peil na mban Carna Caiseal.

Is creidiúint do imreoirí/tuismitheoirí/oibrí deonach agus cóitsealaí i pobal beag i gceantar tuaithe go raibh ar a gcumas foirne a chuir chun páirce ag chuile aois seachas mionúr agus go bhfuilfear ag coinnéal peil beo do chailíní an cheantar.

Chun go mairfidh cumainn i gceantar tuaithe, tá tacaíocht an pobal thar a bheith riachtánach agus le buíochas sin, tá muid áidhiúil go bhfuil tácaíocht an pobal againn. Déanann peil na mban Carna Caiseal chuile iarracht an líon cailíní is atá said in ann a chuir amach ag imirt agus spraoi a bhaint as. Tá sé ríthábhachtách go bhfuil réimhse aoiseanna againn dhó seo. Áit nach bhfuil cailíní le fáil do aois ghrúpa, tá deis acu iarratas a dhéanamh ar 'cead chun imirt' in áit éigin eile go dtí go mbeidh siad in aois arís imirt ar a bfhoirann féin arís. Le bac don chinéal seo ann, tá contúirt ann nach rachaidh cailíní ag imirt peil beag ná mór, agus go mbeidh sé deacair iad a fháil ar ais sa todhchaí. Tá súil againn agus muid ag bogadh ar aghaidh go fhánfaidh ár gcuid uimhreacha ard agus go mbeidh muid in ann foirne a bheith againnn le páirt a thógáil i gcomórtás ag chuile aois.

Sé an príomh aidhm atá ag peil na mban Carna Caiseal ná cailíní a fháil amach ag imirt peile agus ag baint spraoi as. Sé an deacracht, ná iad a choinnéal ag imirt sa todhchaí. Tá sé tábhachtách do na peiladóirí diriú ar an bpeil é féin seachas ar a gcumas imirt, chun é a dhéanamh easca dóibh a bheith mar baill don chumann/club.

Mar chumann, déanann muid iarracht nach mbeidh aon chostas ar peiladóirí Charna Chaiseal. Braitheann muid go mór ar tácaíocht an pobal chun cabhrú le feachtais bailiúcháin airgead an cumann sa gcaoi nach mbeidh aon chostas ar tuismitheoirí. Tá busanna curtha ar fáil ag an gclub soar in aisce do chluichí faoi aois a bhíonn dhá imirt as baile ar fud an chondae, sa gcaoi aríst nach mbeidh tuismitheoirí as póca. Le bus freisin, tugann sé deis do na imreoirí uilig taisteal chuig na cluichí agus gan brú a chur ar thuismitheoirí na cluichí uilig a dhéanamh ar fud an chondae. Tá súil againn an cleachtádh seo a choinnéal suas amach anseo agus le é sin a dhéanamh, tá an grialiúlacht ón bpobal thar a bheith tábhachtách. Is é an lotto seachtainiúil an t-aon tabhairt isteach atá ag an gcumann. Ba mhaith linn an deis seo a thapadh, chun buíochas a ghlacadh le na díoltóirí, ceannaitheoirí na leabhair agus le CLG Carna Caiseal a dhéanann ár feachtas bailiúcháin airgead níos easca tré leabhra lotto a dhíol gach seachtáin.

Ba é buachphointe na bliaina do na foirne faoi aois ná nuair a thug muid cuairt ar Páirc an Chrocaigh ar Luan Cásca ar chuireadh ó LGFA Peil na mBan chuig cailíní faoi 12 ó na gaeltachtaí uilig ar fud na tíre. Ba deis iontach do na cailíní imirt ar fód dúchais an CLG agus ba onóir mór dóibh féin é, dá traenalaí agus dá tuismitheoirí a bhí ann ar an lá. Ba ocáid iontach a bhí ann do chuile dhuine. Ar an lá sin, d'imir

na cailiní cheithre chluiche, ag buachaint trí cinn agus comh scór sa ceathrú cluiche. D'fhág said páirc an Chrocaigh i spiorad ard gan aon cluiche a chailliúint. Tá suil againnn go mbeidh cuid do na cailíní a bhí i láthair ar Luan Cásca ar ais i bPáirc an Chrocaigh amach anseo ag imirt dá gCondae féin.

Tá gá le imreoir amháin a luaigh agus sin í Elaine Ní Nia a d'imir le foireann na Gaillimhe le dhá bhliain anois. Tá an - éacht bainte amach ag Elaine i dathanna Marún agus Bán na Gaillimhe ag buachaint bonn uile Éireann faoi 16 i 2017 agus aríst i 2018 ar foireann na mionúir. Ba onóir iontach a bhí ann do chumann Carna/Caiseal míle fáilte a chuir roimh Elaine agus a cuid comróidí nuair a thug said cuairt ar Charna leis an gcupán ó cluiche na mionúir ar an 22ú lá do Iúil. Ba mhaith linn comghairdeas a dhéanamh le Elaine agus le na cuid tuismitheoirí ar an éacht iontach a bhain sí amach le foireann an Gaillimhe agus go n-éirí leí sna todhchaí ag imirt dá condae.

Tá an seasúr anois at teacht chun deireadh, tá traenáil fós ann do foirne F8/F10 agus tá cluichí ceannais le n-imirt ag foirne F12/14/16. Tá cluichí ceannais an Chondae do na sóisir fós le n-imirt sna seachtáiní amach romhain. Is eacht mór duinn cailiú don cluiche ceannais an chondae in aghaidh Monivea agus tá súil againn an cupán a thabhairt abhaile linn chun deireadh iontach a chuir le seasúr na bliana seo, a bhí lán le spraoi agus craic.

Ar an focal deireadh, tá buíochas mór ag dul do na bainisteoirí agus traenalaí a thug suas a gcuid am chun na cailíní agus na mná a traenáil gach seachtáin ó thús an tseasúr. Tá súil againnn go mbeidh briseadh maith agaibh i rith an Geimhridh agus go mbeidh muid ar ais aríst i 2019 chun tosnú aríst.



# 1988




Sagairt agus lucht friothála an Aifrinn ag an ócáid cheiliúrtha don Athair Pádraig Ó Dubhshláine i gCarna i 1988 tráth a raibh 50 bliain caite aige ina Shagart. Tá an tÁthair Micheál Ó Riordáin (Séipíneach san am) ansin ar chlé den Athair Ó Dubhshlaine; tá Micheál Geraghty ansin agus tá Ard Easbug Thuama, an Dr Seosamh Ó Cuinneáin ansin ar dhéis (éadach dubh) den Athair Ó Dubhshláine. Ar dheis dóibh siúd tá an tAthair Breandán Ó Caomhánaigh, an tAthair Colm Ó Ceannabhain ....agus teigh anois gho dtí an imeall ar dheis....ansin tá an tAthair Tommy Tracey agus ar chlé dó san tá an tAthair Billy Reilly.
Na lads óga a bhí ag friotháil ar an Aifreann: Ar an immeal ar chlé – Tommy Ó Cualáin agus Marcus Tom Sheáin Mharcuis (Ó Cualáin)...agus téigh anois go tí an imeall ar dheis – ar an imeall tá Micheál Ó Flatharta (mac le Kay agus Dara) agus lena thaobh tá Joe Josie Khateen (Ó Cualáin).
Ba é Eddie Bheartla Ó Conghaile a cheap amach agus a scríobh na focla ar an mbratach.




An tAthair Ó Dubhshláine i gcuideachta Árd Easbug Thuama, Mná Rialta agus gaolta ag an ócáid i 1988.

# Ag dul siar ar chosáin an tsaoil



Pictured at the launch of the defibrilator heart machine for the Carna medical practice area in Glinsk National School were: Mary Kinnane (Community Council), Sorcha Nic Dhonncha (Udaras na Gaeltachta), Mary Ann Mulkerrins (Community Council), Ann Dowd, Carna, Donncha O Gallchoir, Chairman of the Leader Programme in Western Gaeltacht areas, who launched the development strategy for the area, Ciaran McDonagh who presented £300 on behalf of Turasoireachta Chill Chiarain to the service for senior citizens of the parish, Eileen Ni Choisdealbha (Udaras na Gaeltachta), Mairtin O Cathain, Chairman of Carna Community Council, and Sally Casey and Susan Ui Chathain (Community Council).

**Tús na 1990aidí – Seoladh an mheaisín croí – defibrillator – do sheirbhísí dochtúrachta Charna. Cruinníodh airgead anseo agus i Meiriceá. Is beag eile meaisín mar seo a bhí i gConamara san am sin.**



**Bairbre Uí Ghuairim** i mBoston luath go maith sa gCéad seo caite. Bairbre Ní Chatháin a bhí uirthi roimh phósadh ... Baibín Josie as Gabhla. Bhí sí pósta le Tomás Ó Guairim as Leitir Ard i mBoston.



**Maggie Uí Chonaire** as Ros Cide (Maggie Thomáis Seoige as Béal an Daingin roimh phósadh d'í) agus a mac Tomás. Tá Tomás (Tom Conroy) a bhfuil cónaí air i mBraintree i Massachusetts anois ar dhuine de na hambassadóirí atá ag Ionad Cuimhneacháin na nImirceach.


Sweeney Oil
Teas Tí
ó 1987
An bealach is teolaí...
CLOCHÁN
MAIGH CUILINN
GAILLIMH BÓTHAR ÁTH CINN
ÓRÁN MÓR
TUAIM
BAILE AN RÓBA
ARAN
ROS COMÁIN
Sweeneyoil.ie
Home Heating
Since 1987
1800 555 999
www.sweeneyoil.ie
Celebrating 30 years! of service
The warmer way to heat your home
Sweeney Oil
Since 1987
Sweeney Oil
Easy Pay BudgetPlan
Spread the Cost of Heating your Home throughout the year
Affordable monthly payments
No large home heating oil bills
Excellent Customer Service
Quality Fuel & Fast Delivery
the warmer way to heat your home!
Scaip an costas chun do Theach a Théamh amach i rith na bliana
ÍOC ÉASCA Plean Buiséid
1800 555 999
www.sweeneyoil.ie
An bealach is fearr le do theach a théamh

# Scléip agus an Scoil Phobail

*- Ionnaigh Ní Allmhuráin*




Is comórtas tallaine é Scléip a reachtalann Gael Linn do iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge chuile bhliain. Chuir mé féin, Áine de Búrca, Caoimhe Ní Fhlatharta agus Laoise Ní Allmhúráin isteach ar an gcomórtas i mbliana. D'aistrigh muid an t-amhrán Kansas City le the New Basement Tapes le cúnamh ónár múinteoir ceoil Daithí don chomórtas. Roghnaigh muid an t-amhrán sin mar thaitin sé go mór linn. Bhímé féin, Caoimhe agus Áine ag casadh an amhráin agus chas muid uirlisí ceoil chomh maith. Bhí mé féin ag casadh an gíotar , Caoimhe ar an ukulele, Áine ar an shaker agus Laoise ag casadh an kahan.

Bhí réamhbhabhtaí an chomórtais ar siúl sa Taibhdhearc ar an 24ú Samhain. Chuaigh muid ar stáitse sa Taibhdhearc os comhair go leor scoileanna eile. Bhí an-amaisféar sa Taibhdhearc. Fuair muid an-bhualadh bos tar éis duinn ár n-amhrán a chanadh. Bhí muid an-sásta lenár gcur i láthair. Tar éis an amhráin a chanadh bhí orainn dul abhaile luath mar bhí lá oscailte ann an tráthnóna sin. Nuair a bhí muid ar ár mbealach abhaile fuair an múinteoir Daithí scéala gur bhfuair muid an chéad áit. Bhí muid an-sásta agus bhí sceitiminí orainn ar fad. Bhí muid le dul go dtí an dara babhta i mBaile Átha Cliath.

Bhí an dara babhta den chomórtas i gCluain Tarbh ar an 31ú Eanáir. Chuaigh gach duine a bhí sa chór linn chomh maith le scoláirí na hIdirbhliana agus gach scoláire a dhéanann ceol mar ábhar go Cluain Tarbh. Chuaigh na múinteoirí Daithí, Mairéad Ní Chaoimh agus Róisín linn. Bhí muid an–neirbhíseach. Cheap muid ó tharla go ndeachnaigh muid chomh fada seo gur cheart dúinn ainm a chur ar ár mbanna ceoil. Ghlaoigh muid Edana ar ár mbanna. Ciallaíonn sé seo ar lasadh.

D'fhág muid an scoil lá an chomórtais go luath ar maidin. Bhí an comórtas ag tosnú ag deich nóiméad chun a trí. Ba muidne an chéad ghrúpa ar stáitse. Bhí triúr moltóirí ann. Chas muid ár n-amhrán ach faraoir ní raibh na micreafóin ag obair i gceart. Bhí orainn an t-amhrán a chasadh arís ag an deireadh. Níor éirigh linn agus bhí diomá orainn. Ba scoil as Ceatharlach a bhuaigh an comórtas. Ach ag am céanna ba an-thaithí a bhí ann páirt a ghlacadh sa chomórtas agus tá súil againn a bheith ar ais an chéad bhliain eile.

gretb

Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin

*Galway and Roscommon Education and Training Board*



## Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (BOOG&RC)
## Galway and Roscommon Education and Training Board (GRETB)

- Coláiste an Ardeaspaig Mhic Éil, Tuaim : Archbishop McHale College, Tuam
- Coláiste an Chreagáin, Mountbellew
- Coláiste an Eachréidh, Baile Átha an Rí
- Coláiste Bhaile Chláir, Baile Chláir
- Coláiste Cholmcille, Indreabhán
- Coláiste Ghobnait, Inis Oírr
- Coláiste Mhuirlinne, Dabhach Uisce, Gaillimh : Merlin College, Doughiska Galway
- Coláiste na Coiribe, Bóthar Thuama, Gaillimh
- Coláiste Naomh Eoin, Inis Meáin
- Coláiste Naomh Feichín, Corr na Móna
- Coláiste Pobail Ail Finn : Elphin Community College
- Coláiste Pobail na Gaillimhe, Móinín na gCiseach : Galway Community College,Moneenageisha
- Coláiste Pobail na Mainistreach, Mainistir na Búille : Abbey Community College, Boyle
- Coláiste Pobail Ros Comáin : Roscommon Community College
- Coláiste Naomh Bríd, Baile Locha Riach : St. Brigid's College, Loughrea
- Coláiste Chilleáin Naofa, An Cnoc Breac : St. Killian's College, New Inn
- Coláiste Naomh Éinne, Cill Rónáin, Oileáin Árann
- Coláiste an Chláirín, Baile Átha an Rí / Clarin College, Athenry
- Coláiste na bPiarsach,Ros Muc
- Institiúid Theicniúil na Gaillimhe : Galway Technical Institute (GTI)

### Further Education and Training

- **VTOS Programmes offering second-chance education to those aged 21 and over who are in receipt of Social Welfare payments in**
  - Castlerea, Roscommon, Boyle, Ros Muc, Letterfrack, Tuam, Ballinasloe and Galway City.
- **Youthreach Centres offering second-chance education to early school leavers in**
  - Roscommon, Ballaghadereen, Ballinasloe, Tuam, Lettermore, Letterfrack, Portumna and Galway City.
- **GRETB Training Centre Mervue, Galway,** offers fully certified, flexible training opportunities six days a week. Delivery options include full-time day courses, evening courses, blended learning and online courses delivered throughout Galway & Roscommon. Community based training includes Local Training Initiatives, Community Training Centres & Specialist Training Providers. GRETB Training Centre administers and deliver apprenticeship training across a range of trades and careers. For further information visit www.gretbtrainingcentre.ie or www.fetchcourses.ie
- **Further adult education and training available in:-**
  - **Adult Learning Centres offers programmes in** Adult Basic Education, Literacy, Numeracy, Basic It Skills and ESOL.
  - **Community Education offers** grants and tutor hours to Community Education groups across Galway and Roscommon for short education courses both credited and unaccredited.
  - **Back to Education Initiative offers** a broad range of accredited programmes from QQI up to QQI Level 5.
- **Petersburg Outdoor Education & Training Centre, Clonbur, Co. Galway.** www.petersburg.ie

**Ag freastal ar na pobail foghlama i nGaillimh agus i Ros Comáin**

Serving the learning communities of Counties Galway and Roscommon

Tuilleadh Eolais – Further Information:

Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin - Galway & Roscommon Education & Training Board
An Coiléar Bán, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe - An Coiléar Bán, Athenry, Co. Galway

: 091 874 500 : www.gretb.ie : eolas@gretb.ie info@gretb.ie

# 1998 ..... Trí chloch mhíle .... scór blianta ó shin.....1998

*- Máirtín Ó Catháin*

**Scéim uisce don cheantar bainte amach**



<u>"Agatsa atá an chumhacht anois, a Bhobby – Scéim nua uisce buaite.</u>

Abairt ghairid amháin: "Agatsa atá an chumhacht anois, a Bhobby". Máire Áine Uí Mhaoilchiaráin as Leitir Ard a labhair. Cruinniu in Áras Shorcha Ní Ghuairim i Roisín na Mainíoch i dtús an Mhárta, 1998. Scór blianta ó shin.

Rinne Bobby Molloy stad. Níor dhúirt sé tada. Ach bhí go leor ráite san 10 secund ciúinis!

Is minic a thuig muid ina dhiaidh sin gur ag an nóiméad sin a shocraigh Bobby Molloy, T.D. agus Aire Stáit sa Roinn Comhshaoil san am go gcuirfí scéim nua uisce ar fáil i gceantar Chill Chiaráin, Charna agus an Chaisil.

Cruinniu stairiúil a bhí ann ar bhealaí go leor. Bhí triúr Airí Stáit as toghcheantar Ghaillimh Thiar ann: Éamon Ó Cuív, Frank Fahey agus Bobby Molloy. Bhí Josie Conneely, a bhí ina Chomhairleoir Contae san am ann freisin. Fóram Iorras Aithneach a d'eagraigh an cruinniu.

Bhí tamall maith blianta caite againn ag tuinneadh agus ag tafann faoi chúrsaí soláthair uisce. Bhí cuid den cheantar nach raibh soláthar poiblí ar bith ann agus bhí deacrachtaí leis in áiteacha eile. Is iomaí sin litir agus aighneacht a scríobhadh; is iomaí sin toscaireacht a chuaigh ag taisteal agus is iomai sin cruinniu a heagraíodh. Ach ní obair in aisce a bhí ansin. Bhí baill Fhóram Iorras Aithneach féin ag fáil eolais agus tuiscint ar an gcórais ríaracháin agus polaitíochta. Ach an oiread leis an bpeileadóir a chureann cúl san eangach sa secund deireannach de Chraobh na hÉireann, ní de thimpiste a fáightear bua ag cruinniu ach an oiread. Tá an obair déanta roimhré agus tá an t-eolas fáighte. Bhí scaitheamh mór caite ag Máire Áine i mbun na hoibre sin. Thuig sí go raibh deis againn a dhul i gcion ar Bhobby ag an bpoinnte sin.

**Iarraidh mhór a bhí inti**

Ar ndóigh, ní mo ná sásta a bhí daoine áiríthe i gComhairle Chontae na Gaillimhe leis an socrú seo; bhí forbairt Scéim Uisce Chill Chiaráin agus Charna an-íseal ar an gclár oibre acusan. B'éigean dúinn an feachtas a choinneáil ag imeacht fiú théis socrú an Rialtais. Ní raibh deifir ar bith ar an gComhairle Contae ag cur socrú an Rialtais i bhfeidhm. Go deimhin, fiú agus nuair a bhí sé éiríthe as an bpolaitíocht,

rinne Bobby Molloy teagmháil leis an Roinn Comhshaoil ag moladh dóibh deifriú leis an obair.

Cuireadh uisce as an scéim soir i dtreó Ros Muc agus, le himeacht aimsire, leathnaíodh an scéim go Cloch na Rón nuair a theagmhaigh "cryptosporidium" do chóras uisce na háite sin.

A ndóigh, níl aon nduine i ndiaidh soláthar uisce ar phobail eile. Sé an rud a chuireadh imní ar dhuine ná go mbeadh an-iomarca brú ar an bhfoinnse uisce. Thosaigh Fóram Iorras Aithneach iarracht eile faoi sin. Mar thoradh ar sin, rinne comhlacht comhairleoireachta staidéar ar bhealaí a bhféadfaí uisce a thabhairt isteach as loch eile – Loch Scannimh ar cheann acu – le cur leis an bhfoinse uisce. Moladh sa tuarascáil sin go bhfeilfeadh sé go dtosódh an obair sin thart ar an mbliain 2014 – sin cupla bliain ó shin anois!

Tá Plean Forbartha chúig bhliana don taobh seo tíre ar na bacáin ag Údarás na Gaeltachta agus muid ag scríobh. Ní mór súil mhaith a choinneail ar na bunchlocha agus tá an Scéim Uisce ar cheann de bhunchlocha an cheantair.

Tá an scéim ag tabhairt soláthair do cheantar an-mhór agus ní mór aird a tharraingt in athuair ar an ngealltanas a bhain le 2014.

Teastóidh neart uisce má thagann Páirc na Mara faoi bhláth; sin sampla amháin.

Tá an infheistíocht Stáit a rinneadh i Scéim Réigiúnach Uisce Chill Chiaráin agus Charna (beagnach €20m. uilig) ar an gcaiteachas poiblí is mo a rinneadh leis na scórtha bliain i scéim amháin forbartha infrastruchtúir in iarthar na Gaillimhe; bhféidir, go deimhin, ariamh. Tugann sé uisce do Chill Chiaráin, Carna, an Caiseal, Cloch na Rón agus cuid de Ros Muc.

Saothraíodh go crua é. Thángthas i dtír ag cruinniu in Áras Shorcha Ní Ghuairim i gCarna i 1998, scór blianta ó shin.

"Agatsa atá an chumhacht anois, a Bhobby", adeir Máire Áine. Ciúnas. Bhí an beart déanta. Tá Bobby Molloy imíthe ar shlí na firinne ó shin. Go raibh suaimhneas síorraí aige.

**1998 – Ionad Fiontraíochta – Ionad G-Teic anois.**




Tá seoladh agus oscailt an Ionaid G-Teic ar an Eastát Tionscail i Roisín na Mainíoch ar na bacáin agus muid ag scríobh. Beidh roint ionaid ann agus deiseanna maith leathanbhanda (broadband) ar fáil iontú. Beifear inann na hionaid a thógáil ar cíos ar feadh tamaill, nó ar bhun fad-théarmach.

Is féidir le dream no duine a thógánn na hionaid ar cíos tosaí ar an bpoinnte boise.

Táthar ag súil go mbainfidh daoine a bheadh ag obair do chomhlacht éicint atá píosa ó bhaile – no thar sáile – leas as na hionad seo. Is mór i gceist í an cineál seo oibre anois agus táthar ag tabhairt deis do dhaoine anseo iarraidh a thabhairt faoi.

Sa mbliain 1998 a d'éirigh le Fóram Iorras Aithneach gealltanas a fháil ó Údarás na Gaeltachta an fhoirgnimh seo, an tIonad Fiontraíochta, a lonnú ar an Eastáit. Ar an 8ú Meitheamh an bhliain sin – scór blianta ó shin – a gheall Príomhfheidhmeannach an Údaráis san am, Ruán Ó Bric, go dtógfaí an tIonad

Fiontraíochta. Bhí troid mhór déanta ag Fóram Iorras Aithneach faoin tráth sin.

Leis an gceart a dhéanamh, chuaigh an tÚdarás i mbun na hoibre agus tógadh an tIonad. Níor tháinig aon bhorradh mór faoin bhfiontraíocht ansin ach is iomaí sin úsáid a baineadh as an áit.

Is maith ann anois é mar Ionad agus spás ann leis an ionad G Teic a thosaí.

Bíodh muid ag súil go dtiocfaidh rath ar an ionad G Teic agus go gcuideoidh sé leis an gceantar.

**1998 - Oscail oifigiúil Áras Shorcha Ní Ghuairim.**



Fiche bliain go ham seo – 1998- a hosclaíodh Áras Shorcha Ní Ghuairim go hoifigiúil. Ar nós chuile short eile, ní de thimpiste a thárla sé sin, ach an oiread. Bhí drochbhail ar an bhfoirgneamh, an tsean Ghairmscoil, sna blianta roimhe sin; bhí fuinneoga briste agus bhí na héanacha inann a dhul isteach agus amach ann.


D’eagraigh Fóram Iorras Aithneach iarracht láidir le súil agus go gcuirfeadh Ollscoil na hÉireann caoi ar an bhfoirgnimh agus go mbainfidís leas as mar ionad oideachais. Bhí cupla iarracht ar bun nár oibrigh ach coinníodh leis an iarracht. Bhí leithéid an Ollamh Paddy Keady agus Gearóid Ó Tuathaigh amuigh againn ag cruinnithe agus bhí go leor teagbhála againn le Peadar Mac an Iomare.

Leis an scéal fada a ghiortú, shocraigh Ollscoil na hÉireann i nGaillimh go gcuirfí caoi ar an Ionad agus go rachfaí i mbun cúrsaí oideachais ann a bheadh dírithe ar an nGaeilge agus ar Theicneolaíocht.

Bhí muid ag súil go mbeadh toradh ní bhfearr ná atá ar thionscnaimh Áras Shorcha Ní Ghuairim. San am chéanna, ní ceart beagán a dhéanamh don méid atá tárlaíthe.

Tá roinnt daoine ag obair ann agus tá jabanna áitiúla ina measc. Tá cúrsaí go leor eagraíthe ann agus tugtar micléinn anall as Meiricea ar chúrsaí. Cuidíonn an méid seo leis an áit cé, ar ndóigh gur mhaith linn go mbeadh níos mo ná sin ar bun. Ach, tá bunchloch leagtha agus is féidir tógáil ar sin.




Dedicated to Improving Business Performance in the Irish Seafood Sector
www.bim.ie
BIM
Ireland's Seafood Development Agency

# Ógánaigh an tSléibhe

*- Máirtín Ó Catháin*

Dhá fhocal a sciorradh isteach sa seanchais cois teallaigh oícheanna fada geimhreadh. Chuala daoine rud éicint faoi ach ní cosúil go raibh mórán eolais lena chois sin acu. Beirt ghasúr, a dúradh, a bhásaigh i sliabh Ghabhla san aimsir a caitheadh – i bhfad siar sna blianta.

Tá baile Ghabhla i gceann thuaidh pharóiste Charna. Is ann atá ceann de na píosaí sléibhe is mo dá bhfuil i mbaile fearainn ar bith i gConamara – 2,860 acra uilig.

Sé mo ghéarchuimhe é gur chuala mé gur thart ar chnoc Sheana Soith – ó thuaidh den Chnoc Breac agus do Chnoc Mordáin- a bhásaigh na hógánaigh. Thairis sin, ní raibh a fhios agam tada eile agus silim gur beag eolais a bhí ag duine ar bith againn ar an mbaile seo faoin tragóid sin.

Le cupla mí anuas a fuair mé i bhfad níos mo eolais faoin scéal uilig a bhuíochas sin do Mhichael Shéamuis (Ó Ceannabháin) as Doire Iorrais agus do Chóilín Ó hIarnáin (Cóilín Phádraig Sarah) as Roisín na Mainíoch agus as Gaillimh. Daoine muintireacha le Michael a bhí sa mbeirt ógánach sin. Ba de chlainne Mhic an Iomaire iad: Séamus agus Colm Mac an Iomaire. Bhí duine acu beagán le cois scór blianta agus an duine ab óige 13.

Baile Bhun na hAbhann atá tugtha síos dóibh, cé go raibh cuid de mhuintir Mhic an Iomaire ina gcónaí i nGabhla; ach sin scéal thairis anois.

Bhí deirfiúr leo, bh'shin í Máire Pháidín Mharcuis agus Marcuisín Choilm as Finís (Mac an Iomaire é féin) ceaptha pósadh i mí na Samhna, 1882. Cuireadh Colm agus Séamus go Doire Iorrais, ar imeall thoir sliabh mhór Ghabhla ag iarraidh poitín le haghaidh na hócáide. Bhéidís gaibhte soir thrí shliabh Ghabhla de shiúl a gcós mar bh'shin é an t-aicearra a bhfear agus bhéidís tagtha anoir an bealach céanna. Ach níor fhilleadar.

Chuathas 'á dtóraíocht agus bhí aimsir ag daoine ar an gcruóg thragóideach sin. Bhí sé tagtha ina cheo ar na sléibhte. Ach sa deireadh, théis cheithre lá, fuarthas an bheirt in éineacht básaíthe ar an sliabh. Bhí an poitín lena dtaobh; ní raibh deoir bainte as an gcrúsca.
Ba é cuntas an Chróinéara gur b'é an fuacht agus an fhulaingt agus an t-ocras a chuir den tsaol iad.

Céard a thárla? Ar b'é an ceo a chur amú iad agus a d'fhága nach raibh a fhios acu cén chaoi a ndéanaidís an bealach. Ar bhuail an 'sliabh gortach' (is cosúil go mba ísliú siúcra sa bhfuil a bhíodh dá tharraingt sin ar dhaoine) a rinne an oiread laghachain ar dhuine acu agus nach raibh sé inann a dhul níos faide...agus gur fhan an duine eile leis? Ina dhiaidh sin féin, bhí an buachaill a bhí 13 (níl a fhios agam cé acu é) an óg agus b'fhada agus ba achrannach an píosa siúil a bhí orthu sa ngeimhreadh. Ní raibh cosúlacht ar bith ann go raibh aon ionsaí ná aon fheall déanta orthu, de réir an chuntas báis.

Cuireadh an bhainis thart ar feadh bliana agus phós Máire Pháidín Mharcuis (Nic an Iomaire) as Bun na hAbhann agus Marcus Choilimín as Fínis i mí Dheireadh Fómhair, 1883.

Bhí Michael Shéamuis (Ó Ceannabháin) ag rá liom go mbíodh sé féin i gcónaí ag iarraidh a dhul go bun an údair. Ba uncaileacha a bheirt a

bhásaigh lena mháthair, Bríd. Ach ní dhearna sise aon chaint faoin eachtra. Aintin leis a tháinig as Meiriceá ar cuairt ba mho a bhíodh fiosrach faoin scéal – Winnie Mharcuisín Choilm.

Thárla sé gur tharraing sé anuas an scéal chuig Cóilín Phádraic Sarah tamall ó shin agus chuaigh Cóilín go bun an údair agus fuair seisean na cáipéisí báis.

An bheirt a bhásaigh, ba sean uncaileacha iad do Mhichael Shéamuis. Tá daoine muintireacha eile leo thart i gcónaí. Maidir leis an gceangal clainne i mbaile Bhun na hAbhann, sé James Ridge a bhfuil aithne ag daoine go foirleathan air, an t-aon nduine atá fanta ar an ngabhaltas sin anois. Ba sean uncaileacha iad Colm Mac an Iomaire (Coleman Ridge) agus Séamus Mac an Iomaire (James Ridge) le James Ridge a chónaíonn i mBun na hAbhann i gcónaí. Mhair athair mór James – bh'shin é Michaelín Pháidín Mharcuis i mBarr na dTamhnach i nGabhla ar feadh a shaoil. Go háitiúil, thugtaí James Mháirtín Mhichaelín ar James Ridge atá i mBun na hAbhann.

Nár cheart, am eicint amach anseo comhartha no leac chuimhneacháin a fheistiú in áit eicint sa gcriathrach fada fairsing sin – thart ar Sheana Soith – i gcuimhe ar an mbeirt óg sin a bhásaigh in éineacht ar shliabh Ghabhla 136 bliain ó shin.

**Féach na teastais bháis ar an gcéad leathanach eile (lch. 51)**



## Research Facility - Death Record

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ainm/Name | **James** | Slí Bheatha an Éagaigh/Occupation of Deceased | **Labourer's Son** |
| Sloinne/Surname | **Ridge** | | |
| Sloinne Breithe/Birth Surname | | | |
| Dáta Báis/Date of Death | **Between 7 November 1882 And 11 November 1882** | | |
| Aois/Age | **20** | | |
| Dáta Breithe/Date of Birth | | | |
| Gnéas/Sex | **Male** | | |
| Stádas Sibhialta/Civil Status | **Single** | | |
| Iar-áit Chónaithe/Former Residence | | | |
| Ionad Báis/Place of Death | **Gowla Mountain** | | |
| Cúis Dheimhnithe an Bháis agus Fad Tinnis/ Certified Cause of Death and Duration of Illness | **Cold and exposure (found dead). Certified** | | |

## Research Facility - Death Record

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ainm/Name | **Colman** | Slí Bheatha an Éagaigh/Occupation of Deceased | **Labourer's Son** |
| Sloinne/Surname | **Ridge** | | |
| Sloinne Breithe/Birth Surname | | | |
| Dáta Báis/Date of Death | **Between 7 November 1882 And 11 November 1882** | | |
| Aois/Age | **18** | | |
| Dáta Breithe/Date of Birth | | | |
| Gnéas/Sex | **Male** | | |
| Stádas Sibhialta/Civil Status | **Single** | | |
| Iar-áit Chónaithe/Former Residence | | | |
| Ionad Báis/Place of Death | **Gowla Mountain** | | |
| Cúis Dheimhnithe an Bháis agus Fad Tinnis/ Certified Cause of Death and Duration of Illness | **Cold and exposure (found dead). Certified** | | |

# Seóige Inis Bearrachain



**An Tostal i nGaillimh i ndeireadh na 1950aidí.**
**Craobh na gcurrach buaite ag Seoige Bearrachain sa gcurrach is gaire dúinn.**
Ó chlé: John William Seoige, Máirtín Chóilín Choilimín Seoige agus John Bhaibín Seoige.
Lena dtaobh – clannn Jimmy an Oileáin (Mac Donnchadha) as an gCeathrú Rua a fuair an dara háit; togha na bhfear freisin.

# Roisín na Mainíoch



**Ní inniú ná inné é.**
**Micheál Ó Conghaile (an fear is óige den bheirt) as Roisín na Mainíoch agus a athair.**

AN CUMANN LUTHCHLEAS GAEL

# CARNA / CAISEAL

*Beannachtaí na Nollag*
*ó*
*CLG Carna/Caíseal*

Is cumann Peile i nIarthar Chonamara muid ag freastal ar cheantar Iorras Aithneach, an Chaisil & An tSraith Salach.

Cuireann muid foirne chun páirce síos go dtí 8 mbliana d'aois i rith na bliana.

Míle buíochas do chuile dhuine atá ag ag treanáil ghasúir agus ag díol agus ag ceannacht 'Lotto Carna / Caiseal' i rith na mbliana.

***Carna / Caiseal ABÚ***

# NOEL GREALISH T.D.

**OIFIG TOGHCHEANTAIR**
**BRIARHILL BUSINESS PARK**
**BRIARHILL**
**GAILLIMH**



**T: 091 764807**
**F: 091 764974**
**E: noel.grealish@oireachtas.ie**

Thoughtful things for your Home.

## Lydon's – Carpets and Flooring.

## Moycullen.

Large selection of carpets, vinyls, semi solid and laminated Floors.

Fitting and delivery available.
Compóird agus teolaíocht sna carpets seo!

**Fón: 091 - 555962**
**lydonscarpets@gmail.com**

Síos go básta sna carpets!

# Paróiste Mhaighrois
## Carna – Cill Chiaráin

*- Máire Uí Chuinneáin*

Is ceantar láidir Gaeltachta é an ceantar seo atá leithchéad míle siar ó thuaidh ó Ghaillimh. Tá sé ar shlí an Atlantaigh Fhíáin. Téann mórchuid turasóirí tríd an gceantar i rith an tséasúir turasóireachta ach ní dóigh liom go bhfuil an pobal eagraithe i ndóthain do thurasóirí. Níl aon phlean cuí ann le turasóirí a choinneáil san áit agus sílim go dteastaíonn an obair seo a dhéanamh. Ba smaoineamh an-mhaith é Slí an Atlantaigh Fhíain agus mheall sé turasóirí go dtí an ceantar ach níl mórán acu ag fanacht sa cheantar de bharr nach bhfuil a fhios acu faoina hacmhainní nádúrtha atá anseo. Tá ionad den scoth i gCarna anois, IonadCuimhneacháin na nImirceach, ach tá gá le deontas reachtála maith leis an áit a choinneáil ag imeacht agus le hathbheaochan a chruthú sa gceantar.

Tá cliú agus cáil dhomhanda ar an gceantar seo ó thaobh an cheoil, na h-amhránaíochta agus an tseanchais. Sa tseanaimsir tháinig scoláirí mór le rá chuig an gceantar chun scéalta béaloidis a bhailiú ó sheanchaithe an cheantair. I measc na mbailitheoirí sin bhí an Guistís Seán Mac Giollarnáth, Liam Ó Coisdealbha, Domhnal Ó Cearbhaill agus ar ndóigh Séamus Ennis a bhailigh cúpla céad amhrán ó Cholm Ó Caodhain in Glinnsce. Bhaist Seán Mac Giollarnáth “Dúthaigh na Scéal” ar an gceantar de bharr an eolas luachmhar a bhailigh sé sa pharóiste seo. Ba chóir dúinn a bheith buíoch do na seanchaithe a thug na scéalta do na bailitheoirí éagsúla a tháinig go dtí an ceantar sna blianta sin fadó. Tugann a gcuid seanchais an-léargas dúinn ar shaol agus ar shaothar mhuintir an cheantair san am a caitheamh. Níl dabht ar bith ach gur oibrigh daoine go crua agus go dícheallach ag plé le talamh agus farraige chun slí mhaireactála a bhaint amach. Seo giota beag faoina shaol a bhailigh Domhnal Ó Cearbhaill ó Phádhraic Mhic an Iomaire, nó Pádraicín Mhacaí as an gCoillín, i gCarna sna tríochaidí.

**Agus Mé Ag Tíocht Suas**

“Bhí teach ag m’athair ar bhruach na farraige agus ins an am a rugadh mise sa mbliain 1869 bhí taoille mhór ann ar feadh trí lá. Níor tháinig a leithéide de thaoille riamh ó shin. Bhí an taoille chomh mór is go gcuala mé go minic mo mháthair a rá, an leaba a raibh sí ina luí uirthi, go raibh an t-uisce ag tíocht aníos ar an urlár fuithi, agus gur cuireadh an tine a bhí ar an teallach, gur cuireadh i bpota í i riocht is nach gcuirfeadh an taoille as í. Ba thús earraigh a bhí ann.

Bhí an aimsir ag goil thart nó go raibh an sagart ag teacht le faoistin tríd na bailteacha ar fud an phobail agus tháinig sé le faoistin is Aifreann i dteach m’athar is mo mháthar. Ní raibh mé ach dhá bhliain is sé seachtaine d’aois, agus tá cuimhne agam ó shin ar an lá a raibh an sagart sa teach.

‘Sé an chaoi ar cuireadh i gcuimhne dom é, cheap mé nach raibh rud ar bith ba dheise agus ba bhreátha ná an chulaith a bhí ar an sagart nuair a bhí sé ag léamh an Aifrinn, agus na brandaí a bhí taobh thiar ar a dhroim. Bhí mé ag iarraidh mo mhéaranna a leagan ar na brandaí deasa agus an-spóirt agam iontub. Ach bhí mo mháthair ag bagairt orm – níor mhaith léi mé a bheith ag dul faoi chosa an tsagairt.

Bhí an aimsir á chaitheamh agus bhí mé timpeall agus sé bliana nó mar sin nuair a cuireadh ar scoil mé an chéad lá riamh. Ní raibh briste ná stoca ná bróg orm ins an am sin. Séard a bhí orm cóta bán bréidín, jacketín beag d’éadach glas.”

Mar a dúras níl ansin ach giota beag as an gcur síos a rinne Pádhraic Mac an Iomaire ar a shaol, do Dhomhnal Ó Cearbhaill, ar an gCoillín i gCarna sna tríochaidí.

Bailíodh seanchas an-luachmhar sa gceantar seo sna blianta sin agus blianta ina dhiaidh sin agus sílim go bhfuil ardán áirithe tuillte acu in áit éigin sa gceantar seo. Is ceart a lua freisin go raibh filí, fiadóirí, saortha bád agus eile ina gcónai sa pharóiste. Bhí cáil mhór ar na saortha bád ach go háirithe.

**Saibhreas ceoil ach easpa fostaíochta**

Sa lá atá inniu ann tá saibhreas an cheoil agus na hamhránaíochta ag dul ó neart go neart anseo i bparóiste Mhaighrois. Tá cliú agus cáil bainte amach ag amhránaithe agus ceoltóirí idir óg agus daoine nach bfuil chomh hóg ar ardáin Náisiúnta agus Idirnáisiúnta. Níl sé ach cúpla mí ó shin ó rinne amhránaí cáiliúil as Leitreach Ard ionadaíocht ar an bparóiste seo i mBaile Athá Cliath le linn chuairt an Phápa Proinsias ar Éirinn. Ba mhór an onóir don pharóiste go raibh fear ar nós Sheáin Mhic Dhonnacha nó Johnny Mháirtín Larry mar is fearr aithne air, le feiceáil againn ar an teilifís ag gabháil fhoinn don Phápa Proinsias agus don slua mór a bhí bailithe ansin don chuairt speisialta sin. Ar ndóigh ní raibh Johnny ina aonar ar an ardán, bhí beirt bhan bhreátha ina theannta, Máire Uí Dhroighneáin as an Spidéal, a fheiceann muid go minic ar an sobalchlár Ros na Rún agus Nell Ní Chróinín as Corcaigh a bhua Corn Uí Riada cúpla bliain ó shin. Mar sin tá an saibhreas chultúrtha go láidir sa taobh seo tíre agus go mba fada buan í le cúnamh Dé.

Easpa fostaíochta an rud is mó atá de dhíth ar an bpobal seo anois. Tá ár ndaoine óga ag imeacht uainn agus is mór an easnamh é sin i bpobal ar bith. Tá oideachas den scoth ar a bhformhór ach níl aon phostanna ar fáil dóibh nuair a chríochnaíonn siad a gcuid léinn sa choláiste. Táim cinnte gur féidir postanna a chruthú sa cheantar ach an toil a bheith ann. Caithfear breathnú ar bhealaigh éagsúla le tuilleadh fostaíochta a chruthú ionas go mbeidh na daoine óga atá ag iarraidh fanacht sa gceantar in ann postanna sásúla a fháil agus cónaí sa cheantar. Tá go leor daoine sa bpobal seo atá ag obair go dian agus go deonach ar mhaithe le leas on phobail agus táimid buíoch beannachtach dóibh sin ach ní mór cúnamh agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh anois agus aitheantas a thabairt don obair atá ar siúl acu. Ní neart go cur le chéile.

Comhar Naíonraí na Gaeltachta Teoranta


Comhar Naíonraí na Gaeltachta

Ag Soláthar Seirbhísí Luathbhlianta den scoth trí Ghaeilge sa Ghaeltacht.

Comhar Naíonraí na Gaeltachta,
Aonad 3B,
Páirc Ghnó na Ceathrún Rua,
An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe.

Rphost: eolas@cnng.ie
www.comharnaionrai.ie

Teil: 091 595337



# Ag dul go hOileán Mhic Dara



Níl de thuairisc againn ar an mbád seoil seo ach gur dóigh go raibh sí ar a bealach as Árainn go hOileán Mhic Dara san aimsir a caitheadh. Bhféidir  go mbeadh tuilleadh eolais agaibhse, a léitheoirí.



**Campa Airm Finner i nDún na nGall luath go maith sna 1960aidí**

*Líne chúil, ó chlé:* Cpl. Ó Dochartaigh (Dún na nGall, traenealaí), Peadar Ó Cualáin (Leitir Mealláin), Pádraig Ó Finneadha (Cois Fharraige), Pádraig Mac an Iomaire – Pádraig Sheáinín- (Cill Chiaráin), Paddy Ó Súilleabháin – Paddy Mhéimí (Loch Con Aortha), Seán Madden (Ruisín, Cill Chiaráin), Johnny Ó Flatharta (Leitir Móir), ???, Seán Ó Clochartaigh (Cill Chiaráin) agus duine eile de lucht traeneála (fear na spéacláirí) ar an imeall.

*Líne lair, ó chlé:* Cóilín Ó Concubhair (Ros a Mhíl), Patsy Ó Maoilchiaráin – Patsy Phaitín Tommy (Caladh bhFuínnse), Pádraig Ó Flatharta (Leitir Móir), Pádraig Ó Concubhair (Ros a Mhíl), ???, Pádraig Ó Flatharta (Leitir Móir), Patsy Connolly (Leitir Móir) agus fear eile nach bhfuil muid inann a ainmniú, ar an imeall.

Níl aon ainmneacha againn do na fir óga atá sa líne is gaire.

# "Eaglais an Phobail"

## – sompla tugtha ag Coiste Tréadach na háite seo ag Séipéal Charna

*- An tAthair Pádraig Standún*



Tá filíocht Antaine Uí Raiftearaigh i mbéil an phobail i gcónaí, ach is deacair a chreidiúint nach raibh ach cúig chinn de Thíthe Pobail in Ardheoise Thuama nuair a bhí bóithre Mhaigh Eó agus na Gaillimhe 'á shiúil ag an bhfile. Tar éis Acht Fuaiscilte na gCaitliceach in1829 a tosnaíodh ar fhormhór na seipéal atá sa Deoise faoi láthair, 139 acu. Bheannaigh an tArdeaspag Seán Mac Éil Teach Pobail Charna i 1842 agus chuir se 400 den phobail faoina lámh an la céanna, tar éis dó trasnú ó Chloch na Rón i mbád seoil ar maidin. Thart faoin am sin a thosnaigh Caitlicigh ag cur ord agus eagar ar an Eaglais tar éis na bpéindhlíthe. Sin é an fáth, mar shampla, gur in 1851 a thosnaigh na sagairt ar Leabhair na mBaistí ata ann go dtí an lá atá inniu ann a choinneail.

Cuireadh caoi ar an Seipéal i gCarna aris is aris eile anuas tríd na blianta, gach fiche-cuig no tríocha bliain no mar sin. Chabhraigh Coistí sa mbaile agus thar sáile leis an obair sin. Tá suil againn go dtabharfaidh an obair atá ar siúl ann na laethanta seo chomh fada le 2042, bliain chomortha 200 an tSéipéil, muid. Ní bheidh mé féin ach 96 blian d'aois ag an am, le cúnamh Dé. Má fheiceann sibh seanfhear le feasóg go talamh air, agus agus é ag cur a mheáchan ar an maide draighin a thug Colm Sheáin Bheairtlín Ó Clochartaigh dó, go ndéana Dia trócaire air, beidh sibh in ann a rá: 'Caithfidh sé go bhfuil an sean-diabhal ina bheatha i gcónaí.' .

Tháinig roinnt daoine as dhá thaobh an phobail chugam cupla bliain ó shin ag tairiscint cúnamh le

tabhairt faoi na fadhbanna taise agus eile a thug siad faoi deara ar Theach Pobail Charna. Thuig siad an obair bhreise a bhí ormsa mar nach raibh séiplíneach sa pharóiste níos mo. 'Lean ortsa ag plé leis na saicrimintí agus na hAifrinn,' a duirt siad,' agus baileoidh muide an t-airgead, gan cuir isteach ar na ciseáin sheachtainiúla as a dtagann an t-airgead le costaisí laethiúla an pharóiste a chlúdach.' Tá sé sin déanta acu, bail ó Dhia orthu, thart ar mhíle euro gach seachtain ó Raifil 50/50 ar fud an pharóiste chomh maith leis an gcuid is mo de Chonamara. Táimid fiorbhuíoch dóibh agus do gach duine ata ag ceannacht na dticéad, gan trácht ar mhuintir na háite i mBoston a chuir beagnach $20,000 ar fáil. Tá síntiúisi tugtha ag daoine eile nach bhfuil ag iarraidh aitheantas no buíochas poiblí.

Bhí sé i gceist on tús gan an pharóiste a bhanú, ach an obair a dhéanamh go mall de réir mar a bhí an t-airgead ag teacht isteach. Tá caighdeán na hoibre agus an t-ábhar atá in úsáid molta ag go leor. Tá roinnt mhaith le déanamh fós, gutters, peinteail taobh amuigh, tarmac, fuinneogaí daite sna doirse nua, agus gáirdíní a dhéanamh a chuirfidh slacht ar an áit taobh amuigh. De réir a chéile, le cúnamh Dé..... Toghfar Coiste Tréadach nua nuair ata an obair chothabhála críochnaíthe. Beidh pleanáil le déanamh don saol amach romhainn, nuair a bheidh ar an bpobal níos mo aris a dhéanamh dóibh féin mar go bhfuil sagairt gann. Ma mhairim dhá bhliain go leith eile beidh mé in aois éirí as mar shagart pobail (75.) Tá roinnt de na paróistí eile sa Deoise curtha le chéile cheana, Cill Mheáin le Baile an Róba, Cill Mhíona le Cathair na Mart, Mainistir Mhaigh Eo le Balla Álainn, mar shampla. Cá bhfios nach mbeidh Muighros le Cloch na Ron aris, no leis an gCeathru Rua? Caithfear a bheith páirteach sa phleanáil. Is iomaí athrú tagtha ar an Eaglais leis na céadtha agus na mílte bliain, agus tuige nach 'Eaglais na ndaoine ' a bheadh intí seachas 'Eaglais na sagart' sna glúnta atá amach romhainn. Cheana féin tá na pobail ag tabhairt aire dá gcuid séipéil ó Ghaillimh anoir, Bushy Park, Uachtar Ard, Ros a'Mhíl, Carna, Cloch na Rón, obair mhór ar siúl ag 'Eaglais na ndaoine.' Buíochas mór le Dia.




Ní gá fanacht ar ócáid...
www.údar.ie
cluichí agus leabhair Ghaeilge i rith na bliana
Monopoly as Gaeilge, Scrabble as Gaeilge, Scrabble na nÓg as Gaeilge
Tuar Ceatha, Odyssey Gramadaí, Fios Feasa, Tuar Ceatha, Biongó Bóthair, Snap as Gaeilge
Míreanna Mearaí trí Ghaeilge, Teidí le Gaeilge, Puzal Urláir do pháistí
Focal Fada, Spraoi le Brí, Crannóg, Imeartas Focal, stocaí agus maisiúcháin na Nollag
Snap le hUimhreacha
Dúshlán Staire
Dúshlán Staire
Glac leis an Dúshlán!
Leabhar Dathúchán na Nollag
Dúshlán Staire: an bhfuil tú cinnte faoin stair?
Ar tharla eachtra stairiúil roimh, nó i ndiaidh eachtra eile sa stair?
Cluiche nua, do theaghlaigh, scoileanna, ciorcail chomhrá srl.
Foghlaim na huimhreacha i gcluiche spraíúil.
Snap le huimhreacha, íomhánna agus focail.
Leabhar dathúcháin nua ar théama na Nollag.
42 íomhá le dathú.
eolas@glornangael.ie
údar.ie
siopa gaeilge ar-líne
Glór na nGael
046 943 0974

# Abbey

School of Motoring

Galway • Clifden

Manual & Automatic Cars available

(091) 592040 • (087)7699222

Gift Vouchers available



**Connemara Credit Union Ltd**
**Comhar Creidmheasa Chonamara Teo**

IRELAND

## Amanta Oscailte

**Oifig an Chlochán 095-21101**

| | | |
|---|---|---|
| Dé Luain | 12pm to 3pm | 4pm to 6pm |
| Dé Máirt | 10am to 1pm | 2pm to 4pm |
| Dé Céadaoin | 10am to 1pm | 2pm to 4pm |
| Déardaoin | 10am to 1pm | 2pm to 4pm |
| Dé hAoine | 10am to 1pm | 2pm to 4pm |
| Dé Sathairn | 10am to 1pm | |

**Oifig Tulach na Croise 095-43973**

| | | |
|---|---|---|
| Dé Luain | 12pm to 3pm | 4pm to 8pm |
| Dé Céadaoin | 9am to 1pm | 2pm to 5pm |
| Dé hAoine | 9am to 1pm | 2pm to 5pm |

**Oifig an Chaisil 095-31128**

| | | |
|---|---|---|
| Dé Máirt | 10am to 1pm | 2pm to 5pm |
| Déardaoin | 11am to 2pm | |

**Teach an Údaráis, Carna**

| | | |
|---|---|---|
| Déardaoin | | 4pm to 7pm |

**Iasacht Uait?**
**Fán gar go bhaile leis an gComhar Creidmheasa.**

# mcnamara construction

Roveagh,
Kilcolgan,
Co. Galway
Ph: 091 776879
Email: info@mcnamaraconstruction.ie
www.mcnamaraconstruction.ie

**Private Homes** **Schools & Universities** **Commercial Buildings**









**Tá áthas orainn a bheith bainteach le hIonad Cuimhneacháin na nImirceach Carna**

# As California go Fínis

*- Seosamh Ó Cuaig*

Thug beirt as California cuairt speisialta orainn le gairid. Sin iad Eileen Hunt agus a deirfiúr Sharon. B'as Roisín na Mainiach a seanathair, Paddy Mhicil Liam Ó Loideáin agus b'as Fínis a seanmháthair Annie Val Uí Nia.

Bhí cúis faoi leith lena gcuairt: bhí luaithre a máthar i mboiscín acu agus theastaigh uathu é a scaipeadh i seanbhalla an tí a'fhág a máthair siúd aríst le dhul go Meiriceá blianta fada ó shin.

Ba é Seán Fhínse Ó Conghaile a thug isteach as Céibh an Chrompáin muid, mé féin, mo bhean chéile, a bhfuil gaol aici leo, beirt Chalifornia agus bean mhuintreach eile leo as Gaillimh, Sandra Bardon. Tháinig Máirtín Mháire Mheáirgit Ó Cualáin in éineacht linn freisin, fear eile a bhfuil neart seanchais aige.

Mar atá mínithe ag Jackie Mac Donncha in áit eile san iris seo, tá Fínis tréigthe anois le tamall maith. Má tá féin tá cóiriú curtha ar dhá theach samhraidh ar an oileán. Le iníon Sheáin Fhínse ceann acu agus bhí cuairteoirí ag fanacht ann. Níor luaithe i dtír muid ná d'iarr siad isteach le haghaidh braon tae muid. Ghlac muid buíochas leo ach mhínigh muid dhóibh go gcaithfí súil a choinneáil ar an taoille i gcomhair an turais amach.

Scaipeadh an luaithre agus tugadh cuairt ar an tseanreilig. Ócáid chorraitheach a bhí inti ag beirt Chalifornia.

Thug Séan chun na mórthíre muid go slán sábhailte agus euro féin níor bhain sé dínn. Bhí groíúlacht i gcónaí i muintir Fhínse.

Theastaigh ón mbeirt ansin Ionad na nImirceach a fheiceáil. Bhain siad an-sásamh, a dúirt siad, as gach a bhfaca siad agus gach ar chuala siad ann. Gheall siad go dtiocfaidís ar ais amach anseo le tuilleadh taighde a dhéanamh ar an gceangal le Roisín na Mainiach agus le Fínis.

Ina dhiaidh sin aríst thug muid go dtí Tobar Muire i Roisín na Mainiach iad. Ní dream mór creidimh a bhí iontu, a dúirt siad linn, ach bhí nádúr faoi leith acu leis an tobar mar gur dhúirt a seanmháthair leo gur thíos ansin a casadh í féin agus a seanathair ar a chéile an chéad lá ariamh.

D'inis siad scéal eile dhúinn freisin. Agallamh ar téip a rinne siad lena seanmháthair sular cailleadh í. Faoin saol a bhí i bhFínis lena linn a bhí sí ag caint . D'inis sí scéilín amháin faoi uair a raibh duine de na comharsana ag déanamh claí. Thosaigh sé ag tarraingt chloch as seanbhalla a bhí in aice láimhe. Níor thaithnigh sin le bean Val Uí Nia. Ba é seanbhalla a muintire é. Ag an am céanna bhí meas aici ar an bhfear a bhí ag déanamh an chlaí agus níor mhian léi briseadh amach leis.

Réiteach simplí a bhí aici ar an gcás; mharaigh sí coileach agus smear sí an fhuil ar chuid de chlocha an tseanbhalla. Nuair a tháinig mo dhuine ann ar maidin lá arna mháireach chonaic sé na stríoca fola ar na clocha. Choisric sé é féin, chuaigh abhaile agus níor thaobhaigh sé an seanbhalla níba mhó.




# Turas go Chicago agus Boston i 1981

**Cumann Dramaíochta Thír an Fhia a thug cuart ar Bhoston agus Chicago i Meán Fómhair, 1981. Tógadh an pictiúr díreach roimh an turas.**

*Ina seasamh taobh thiar:* Stiofán Ó Gríofa (an Cheathrua Rua agus Peadar Ó Ceallaigh (Tír an Fhia).

*Sa líne lair, ó chlé:* Máirtín Tom Sheáinín (Leitir Caladh), Áine Ní Cheallaigh (Máimín) agus Ciarán Ó Fátharta (Máimín)

*Líne tosaigh, ó chlé:* Bríd Ní Thuathail (Tír an Fhia), Jude Uí Ógáin (Trá Bháin), Cóilín Ó Maolchiaráin (Máimín), Peige Uí Mhocháin (Tír an Fhia) agus Judín Uí Chualain (Baile na Cille).

Tá leath na ndaoine a bhí sa bpictiúr sin imíthe ar shlí na firinne ó shin. Go raibh suaimhneas síorraí acu.

# Arramara Teo – Cruinniú Boird 30 bliain ó shin



**I mBaile Átha Cliath a bhí an cruinniú seo.**
**Tá roinnt ainmneacha againn agus tá comharthaí ceiste san áit nach bhfuil.**

Ina seasamh, ó chlé: ???, Séamus McGarvey (Dún na nGall), Micheál Geraghty (Carna), Paddy Cleary (ceannaitheoir slata mara), ?????, Frank Chambers (Baile Uí Fhiachain i Muigheo), Micheál Ó Maolchiaráin (Muigh Inis) – Rannóg Cuntasaíochta; Máirtín Ó Cualáin (Carna) – cothabháil agus meicneoireacht.

Chun tosaigh, ó chlé: Tomás Ó Laoi as Doire Iorrais, ????, Séamus Ó Gallchóir – Cathaoirleach an Bhoird; ????, agus ???? aríst, Joe John Mac an Iomaire (Ros Dúgáin) agus aríst an duine ar an imeall ?????.

# Abbeyglen Castle Hotel
# An Clochán



**Lóistín, béilíthe, ócáideacha sóisialta – in Óstán a bhfuil cáil idirnáisiúnta ar.**

***Cuirfidh Brian Hughes agus Paul Hughes míle fáilte romhat.***

**Teileafón….095-21201.**
**Facs……….095-21797.**
**E-Mail…….info@abbeyglen.ie**

# I gCuimhne ar Cheathrar Óglach

*- Seosamh Ó Cuaig*

Dé Sathairn, 3 Feabhra, nochtadh leac ag Céibh an Choradáin, i Maíros, i bparóiste Charna, i gcuimhne ar cheathrar d'Óglaigh na hÉireann a báitheadh i mí Feabhra 1921. Ba shin iad Seosamh Ó Caola, Seosamh Ó hUaithnín, Séamas Ó Fearráin agus Páraic Ó Cualáin.

I gcurach a bhí siad agus iad ar a mbealach go Cloch na Rón le airgead a bhí bailithe i gcomhair Ghluaiseacht na Poblachta a chur i dtaisce.

Níor frítheadh ach corp amháin ariamh, corp Sheosaimh Uí Chaola. Tá sé curtha i reilig Mhaírois.
D'fhéadfadh sé go raibh baint acu leis an Iasacht Mhór Náisiúnta a bhí ar siúl ar fud na tíre ag an am le cúis na Poblachta a chur chun cinn.

Thug Colm Ó Gaora cuntas ina leabhar "Mise" ar gheábh a raibh sé féin ag eagrú an bhailiúcháin sin i gCarna. Seo mar a dúirt sé: "Baile Charna an áit ba dheacra a casadh orm leis an iasacht náisiúnta a chur faoi sheol ann. Bhíodh na póilíos chomh mór sin ar mo bhonn ansin is nárbh fhéidir liom iompú ar mo chois gan iad a bheith mar ghadhair fhiaigh i mo dhiaidh, Ba leis an damhsa sin, Ionsaí na hInse, a chuir mé tosach ar dtús ar an iasacht ann. Lá Domhnaigh a bhí ann tar éis an Aifrinn. Bhí focal na faire ag cuid de na daoine san áit go raibh fúm coiste leis an obair a dhéanamh a bhunú an lá seo. Dúirt mé féin leo seo a bhí ag fuireacht éirí agus go múinfinn an damhsa seo dóibh. Chuir mé fear ag casadh port béil agus níorbh fhada go raibh an rang fear sin ar a dtáirm ag déanamh Ionsaí na hInse. Chuaigh mé féin sa damhsa chomh maith le cách, agus thug seo faill dom labhairt ó dhuine go duine leo agus mo scéal a chur i gcéill dóibh. Bhunaigh mé coiste oibre san áit ar an gcaoi seo. Cheap mé beirt nó triúr a bheadh freagrach do litríocht na hiasachta. D'innis mé dóibh cén áit a bhfaighidís gach uile fháisnéis faoin obair, agus muid i gcaitheamh an ama ar fad ag cur ár gcraicinn dínn ag damhsa. Nár bheag an ceapadh a bhí ag an sáirsint, agus ag an mbeirt phóilíos a bhí ina chuideachta ár bhfaire i ngach uile chor is cleas a chuireamar dínn, nach ag damhsa de réir an phoirt a bhíomar?"

Dhá mhí tar eis bháitheadh an cheathrar óglach rinneadh luíochán ar fhórsaí na Breataine i Scríb 26 ciliméadar soir as Carna. Lá arna mháireach dhóigh na Gaill chúig theach i bparóiste Ros Muc. Bhí teach Uí Ghaora agus Teach an Phiarsaigh orthu sin agus an teach a bhí ag an maistir scoile, Pádraig Ó Conghaile.

Ba i dteach Phádraig Uí Chonghaile a chuir Pádraig Mac Piarais faoi an chéad uair a dtáinig sé go Ros Muc.

B'éigean do Phádraig Ó Conghaile a dhul ar a theicheadh tar éis luíochán Scríb. Isteach ar an Oileán Iarthach a chuaigh sé, oileán nach bhfuil i bhfad as Ros Muc. Bhí aithne aige ar mhuintir Uí Chatháin ansin agus bá acusan leis an bPoblacht.

Roinnt blianta ina dhiaidh sin, nuair a shocraigh an tír síos, socraíodh díon a chur aríst ar Theach an Phiarsaigh.

Tháinig na Catháin amach go dtína ndaoine muintreacha i gCill Chiaráin agus iad ar thóir adhmhaid a d'fheilfeadh don díon. Dúradh leo a dhul siar go dtí Meáirt Ó Caola, go raibh adhmad le spáráil aige. Chuaigh.

Chuir Meáirt fáilte mhór rompu. "Tugaigí libh an t-adhmad más le haghaidh Theach an Phiarsaigh é," a dúirt sé, "ní bhainfidh mise pingin ná leithphingin díbh mar an fear a cheannaigh an t-adhmad sin, agus atá curtha sa reilig, ní bhainfeadh seisean aon phingin díbh ach an oiread."

Ba é a mhac a bhí i gceist aige ar ndóigh, an t-aon mhac a bhí aige.

Ag leathuair tar éis a haon a nochtadh an leacht. Shiúil na daoine aníos an trá ansin go dtí an reilig agus leagadh bláthfhleasc ar uaigh Sheosaimh Uí Chaola.

Chuir Clíona Ní Chualáin braon tae agus greim bia ar fáil ina dhiaidh sin ina teach tábhairne, Tigh Mheaic. B'uncail lena hathair duine de na hóglaigh, Páraic Ó Cualáin.


Is í ár dteanga féin í.
Coigil aithinne d'aislinge:
scaradh léi is éag duit.
Foras na Gaeilge
BAILE ÁTHA CLIATH · BÉAL FEIRSTE · RÁTH CHAIRN · DÚN SEACHLAINN · GAOTH DOBHAIR
forasnagaeilge.ie
gaeilge.ie

Cósta Gaelach
Conamara
& Árann

Cósta Gaelach Chonamara
6 Gorlann Gnó
Údarás na Gaeltachta
Na Forbacha
Co. na Gaillimhe

Guíonn Cósta Gaelach Chonamara agus Árann gach rath ar Iris Iorras Aithneach in 2019.

Tá an comhlacht forbartha turasóireachta bunaithe anois agus ba mhaith linn cuireadh a thabhairt don tionscail turasóireachta baillraíocht a ghlacadh.

Más mian leat ballraíocht a ghlacadh do 2019 dean teagmháil linn ag costagaelach@gmail.com nó 0858613873

"Ar scath a chéile a mhaireann na daoine"

Cuidigh linn an tionscal turasóireachta cultúrtha a neartú ar fud Chonamara!

**Stiúrthóirí Chósta Gaelach Chonamara agus Árann**
Steve Ó Cúláin
Séamas Ó Concheanainn
Clíona Standún
Uimhir Chláraithe: 629734

# I gCúltaca An Airm



*Ar chlé:* **Pádraig Mac Donnchadha** as Cill Chiaráin
*Ar dheis:* **Pádraig de Búrca – Pádraig Tom Taimín** – as an mBantrach Ard.
1960aidí.

# Scoláirí Uibh Eachach
## – Daltaí Scoile agus an saol idirnáisiúnta

*- Séamus Ó Maoilchiaráin,*
*Scoil Phobail Mhic Dara.*

Ar an 24ú lá de Mhárta thug an Roinn Gnothaí Eachtracha agus Trádála cuireadh do thriúr daltaí san Idirbhliain páirt a ghlacadh sa gclár Scoláirí Uibh Eachach. Thosaigh an clár ar an 30ú de Aibreán i dTeach Uibh Eachach thuas i mBaile Átha Cliath agus bhí orainn lóistín a fháil.

Ar an chéad lá bhuail muid le scoláirí eile ó timpeall na tíre a bhí ag tógáil páirt sa chlár céanna. Freisin bhí ceardlanna againn le Cúnamh Éireann agus leis na daoine a eagraíonn na turais thar lear don Taoiseach, Tánaiste agus an t-Uachtarán.

An lá dár gcionn chuaigh muid ar thuras go Béal Feirste. Fuair muid turas de Halla na Cathrach agus chas muid leis an Ard Mhéara, Nuala McAllister. Labhair muid léi ar ábhair ar nós Brexit agus Stormont. Freisin thug muid cuairt ar Phríosún Crumlin Road agus ar na ballaí síochána atá thuas ann.

Ar an triú lá thug muid cuairt ar an áit a dhéantar na pasanna Éireannacha. Thaispeáin siad na bealaí slándála atá acu chun cosca a chur ar fhótacóipeáil na bpasanna agus dúirt siad gurbh é pas na hÉireann ceann de na pasanna ba dheacra a chóipeáil. Thaispeáin siad freisin an trealamh atá acu chun na pasanna a dhéanamh go hoifigiúil. Tar éis é sin rinne muid cleachtadh cumarsáid faoi timpiste ar tugadh dhúinn.

Ar an Déardaoin chas muid leis an Tánaiste, Simon Coveney, agus labhair sé linn faoina phost agus faoi Brexit freisin. Ansin tháinig an tAire Stát do Chúrsaí Eorpacha, Helen McEntee, isteach chun labhairt faoi réimse mór ábhar ar nós na caidrimh atá ag Éirinn le tíortha eile na hEorpa seachas an Bhreatain agus cén chaoi a n-athródh na caidrimh sin má imíonn an Bhreatain ón Aontas Eorpach.

Freisin labhair muid léi faoin thodhchaí don Aontas Eorpach agus cén phlean atá acu chun tíortha eile a mhealladh isteach san Aontas. Tar éis lóin thug muid turas ar ambasáidí éagsúla ar nós ceann na Fraince, an Meisiceó agus an tSeapáin.

Ar an lá deireadh labhair muid le grúpa a n-oibríonn leis na Náisiún Aontaithe. Chuir siad síos ar an cineál oibre a dhéanann na Náisiún Aontaithe sa domhan sa lá atá inniú ann. Tar éis am lón chuaigh muid ar cuairt go dtí Áras an Uachtaráin agus fuair muid turas den teach. Freisin chas muid leis an t-Uachtarán Míchéal D Ó hUigínn. Tar éis é sin tháinig muid ar ais go dtí Teach Uibh Eachach, an áit ar bronnadh na teastais orainn.

Uaidh sin d’fhág muid slán leis an gcathair agus d’fhill muid ar ais abhaile. B’é taithí den scoth dúinn agus tá muid fíor bhuíoch as an léargas seo a fháil ar saol an pholaitíocht agus caidreamh idirnáisiúnta.

# Bhí an t-am sin ann!



*Chun tosaigh, ar chlé:* **Páraic Mac Donnchadha** as Cill Chiaráin agus **Seán Madden** as Cill Chiaráin.

*Taobh thiar, ar chlé:* **Louis Mac an Iomaire** as Cill Chiaráin agus **Paddy Casey.**

Ar Gharda Ónóra bhíodar le taobh na seanscoile ar an gCaiseal (an tIonad Pobail anois) ag an ócáid ar tháinig an tAthair Conal Eustace ar ais abhaile théis a oirdníthe i 1976.

Bhí Paddy Barrett as Leitir Ard i gceannas ar an mbuíonn agus rinne Josie Lee bronnadh ar an Sagart óg.



Corn eile ag **Paddy Dundass** agus ag foireann Chill Chiaráin.
An ceann seo in Uachtar Ard agus fear de mhuintir Mhaoildhia (ar chlé) as an gcoiste in Uachtar Ard atá ag bronnadh an Chupáin.

# An Aistir go San Antonio




**Ar a mbealach go Meiriceá**

**Mná Rialta óga ag dul ar bord eitealáin ar an aistir go San Antonio i Texas sna 1940aidí.**

An dara bean ó bharr an scuaine, sin í Máire Mháirtín Tom Bhreathnaigh as Caladh bhFuínnse nó Sister Martin. Sa gCreagán in oirthear na Gaillimhe a cuireadh oiliúint ar go leor de na Mná Rialta óga – Máire ina measc - seo agus theigidis go San Antonio agus go deisceart Mheiriceá ina dhiaidh sin.

Tá an tSiúir Máire Bhreathnach fós i San Antonio agus rinne sí ceilúradh ansin i mbliana ar 70 bliain in Ord an Spioraid Naomh. Bhí sí abhus i mBoston cupla babhta le blianta beaga anuas agus i  ag ceiliúradh bua mhac a dearthára, Marty Walsh, mar Mhéara ar Bhoston.

# Cogaslann Agatha

Poitigéir Teaghlaigh Áitiúil

**Agatha Bn Uí Mhisteil**
An Cheathrú Rua, Co. Na Gaillimhe
Fón: 091 595 168   Fax. 091 595154
cogaslannagatha@gmail.com

Carna, Co. Na Gaillimhe
Fón: 095 32680

Comhairle Poitigéara
Pharmacist Advice

Oidis
Prescriptions

Áilleacht & Íocshláinte
Health & Beauty

---

**WiFi in aisce**

# Teach Ósta Tigh Mhóráin



**Carna,**
**Conamara,**
**Co. na Gaillimhe.**
**095-32570**



**Comhluadar breá**

**Spóirt agus Spraoí**
**Ó Peter Fitzpatrick**
***Nollag Shona do mo chuid Cuistaiméirí ar fad.***

# Tubaiste an "Pretty Polly" tugtha chun cuimhne i mbliana

*- Seosamh Ó Cuaig*

Is deas agus is feiliúnach an leacht atá curtha ag Céibh na hAirde Thoir i bParóiste Charna i gcuimhne ar an seachtar iascaire a pléascadh san aer 100 bliain ó shin.

I mbád ar a dtugtaí an " Pretty Polly" a bhí siad agus tá cur agus cúiteamh ar bun ó shin faoin gcaoi ar tharla an gníomh gránna.

Maidir leis an dream a chuir suas an leacht, sliocht úinéir an bháid, níl amhras ar bith orthusan faoi cé a bhí freagrach. Ar na Sasanaigh a chuir a muintir an milleán ariamh a dúirt siad agus sin é atá ráite go soiléir acu ar an leacht.

Sasananch darbh ainm Leslie Edmunds a bhí ina bhun agus ina bharr, a deir siadsan. Bhí láimh aigeasean sa gcaoi ar scaoileadh sliogáin as Gaillimh i dtreo Chreachmhaoil le linn Éirí Amach 1916.

Oifigeach sinsearach i mBord na gCeantar Cúng a bhí ann nuair a pléascadh an "Pretty Polly". De réir an scéil atá an-láidir sa gceantar i gcónaí chonaic iascairí eile bád Sasanach ag teacht chomh fada leis an bPretty Polly gur chaith duine den chriú pléascán isteach inti. Níor dúradh go raibh Edmunds sa mbád as ar caitheadh an pléascán ach bhí daoine ann a dhearbhaigh nach raibh sé i bhfad as láthair.

Tá fianaise ann go raibh argóint idir úinéir an Phretty Polly, Tomás Ó Ceannabháin, agus Edmunds tamall roimhe sin agus go raibh cloch sa muinchille ag Edmunds dó dá bharr.

Is deacair a thuiscint go mbáifí seachtar d'aonturas de bharr argóna dá shórt. An bhféadfadh sé gur beart a bhí ann ag na Sasanaigh le droch-cháil a tharraingt ar na Gearmánaigh?

Ar na Gearmánaigh a chuir na Sasanaigh an milleán ar fad. Bhain siad an-leas as an scéal sa bhfeactas bolscaireachta a bhí ar bun acu agus an Cogadh Mór á fhearadh go géar. Scaip siad an t-eolas ar fud an domhain.

Ba mhór an chabhair dóibh sagart paróiste Charna a bhí lánchinnte é féin gurbh iad na Gearmánaigh a rinne an beart.

Bhí Sinn Féin ag neartú go tréan ag an am freisin agus rinne siadsan bolscaireacht de chineál eile. Cuireadh scéal thart go bhfuair fear as Gaillimh tuairisc ó dhearthair leis a bhí ina phríosúnach sa nGearmáin go bhfaca sé criú an Phretty Polly ansin.

Chuaigh an sagart paróiste ag fiosrú láithreach agus fuair sé amach nach raibh deartháir ar bith ag fear na Gaillimhe.

Maidir le Leslie Edmunds cuireadh leis an mbéaloideas gur mharaigh Óglaigh na hÉireann é faoin mbeart a bhí déanta aige.

Is iad Óglaigh na hÉireann a mharaigh é gan amhras ach timpisteach go leor a tharla sé.

Ag teacht as Baile Átha Cliath i ngluaisteán a bhí sé le linn an Chogadh Cathartha. Ar a theacht trí oirthear na Gaillimhe dó stop fórsaí an tSaorstáit é. Duirt siad leis go raibh luíochán socraithe ag "Na Neamhrialtaigh", mar a thugaidís orthu, siar an bóthar. Chomhairligh siad dó gan a dhul níb fhaide faoi láthair.

Fearr ceanndána a bhí ann agus níor thug sé aon aird orthu. Lean sé ar aghaidh, scaoileadh piléar agus maraíodh é.

An bhféadfadh sé gur ar bhealach éigin eile a scriosadh an Pretty Polly?

Cheistigh mé féin an t-amhránaí sean-nóis Josie Sheain Jeaic faoi uair amháin. Bhí uncail leisean sa mbád agus gan é ach sé bliana déag. Bhí na scéalta ar fad cloiste ag Josie ach, mar a dúirt sé féin, ní raibh aon chruthú aige ar cheann ar bith acu.

Chreid sisean gur mianach a bhí ag imeacht i mbarr uisce a rinne an mhísc. Mheabhraigh sé dhom gur mianach mar sin a tugadh i dtír i gCois Fharraige an bhliain roimhe sin agus a mharaigh daoine freisin.

Is críonna an té a déarfadh ach níl ach míniú amháin ar an éirleach ar an leacht cuimhneacháin atá ag Céibh na hAirde Thoir anois --- gurbh iad na Sasanaigh , agus na Sasanaigh amháin, a rinne an drochbheart uafásach.

# Ag Ceiliúradh 30 Bliain i mBoston



**Foireann Charna agus roghnóirí ag ceiliúradh 30 bliain bhunú Chuman Peile Charna/an Chaisil i mBoston i ndeireadh na bliana 2017.**
**An pictiúr seo tógtha ag ceanncheathrú an Chumainn Luthchléas Gael i Canton i Massachusetts. Carna a thugtaí ar an bhfoireann sul ar bunaíodh Carna/Caiseal.**



**Turas na Lachan!**
**Baill de Chumann Charna/an Chaisil ag ceiliúradh i mBoston.**

# Foireann Peile Chonamara 1970

**Gaeltacht Chonamara**

**Seaimpíní Sinsear Chomórtas Peile na Gaeltachta 1970**




Ar chúl ó chlé: Michael Tom Ó Cualáin (Leitir Móir), Johnny Pheatín Ó Maoilchiaráin (Carna), Patsy Mac Diarmada (Mícheá Breathnach), Seosamh Ó Catháin (Carna), Patsy Pheatín Ó Maoilchiaráin (Carna), Frank Ned Ó Flatharta (Mícheál Breathnach), Paraic Ó Ceallaigh (An Cheathrú Rua), Seán Ó Conghaile (Leitir Móir).

Chun tosaigh ó chlé: Alo Ó Conghaile (An Spidéal), Seosamh Ó Loideáin (Carna), Nioclás Ó Conchubhair (Leitir Móir), Paraic Ó Coirbín (Captaen) (Carna), Maitiú Ó Domhnaill (An Cheathrú Rua), Criostóir Ó Scanláin (Mícheál Breathnach), Conchubhair Ó Máille (Leitir Móir), Peadar Mac Donnacha (An Cheathrú Rua), Breandán Ó Cadhain (Carna).

**Faraor, tá roinnt de na peileadóirí a bhí ar an bhfoireann sin imithe ar shlí na fírinne ó shin. Tá Johnny Pheaitín Tommy, Seosamh Ó Catháin agus Pádraig Ó Coirbín - cuid de pheileadóirí Charna ar an bhfoireann sin - imithe freisin.**


TÍR AGUS TEANGA
An tOireachtas
GRÉASÁN NA nGAEL
Bí linn
ag
Oireachtas na Samhna
2019
Óstán Citywest,
Teach Sagard,
Baile Átha Cliath
Beidh na múrtha fáilte romhat!
An tOireachtas, 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2
Fón: +353 1 475 3857
Ríomhphost: eolas@antoireachtas.ie
Suíomh Gréasáin: www.antoireachtas.ie
LE BUNMHAOINIÚ Ó
Foras na Gaeilge


STANDÚN
SPIDDAL
A Unique Shopping Destination
Siopa de'n Scoth
RUD ÉIGIN DON TEAGHLACH AR FAD
OSCAILTE 7 LÁ NA SEACHTAINE
FAISEAN NA MBAN
BRONNTANAIS
DO NA FIR
ÉADAÍ CNOITÁILTE
• CAIFÉ BEAG
• PÁIRCEÁIL
• 15 NÓIMÉAD Ó CHATHAIR NA GAILLIMHE
BEST OF GALWAY
One 4 all
GLACANN MUID LE HÉARLAIS
STANDÚN, AN SPIDÉAL FÓN - 091 553115
OSCAILTE 7 LÁ NA SEACHTAINE DÉ LUAIN - DÉ SATHAIRN 9:30 - 6:30 DÉ DOMHNAIGH 1.-5:30


C L S
Complete Laboratory Solutions
GMP Approved Laboratory
ANALYTICAL TESTING
PIPE STERILISATION
MICROBIOLOGICAL ANALYSIS
TRAINING PROGRAMMES
ANALYSTS ON CONTRACT
ENVIRONMENTAL MONITORING
Saotharlann Chonamara Teo, Ros Muc, Co. Galway
T: +353 91 574355 F: +353 91 574356 E: services@cls.ie W: www.cls.ie

# Drámaíocht in Iorras Aithneach

*- Tom Sailí Ó Flaithearta*

Nuair a thosaigh ranganna oíche an Choiste Gairmoideachais i Loch Con Aortha sea cuireadh tús ceart le Aisteoirí Loch Con Aortha. Bhínnse ag tuineadh le Peait agus le Bairbre "An t-Earrach" a dhéanamh. Bhí neart drámaí déanta acu roimhe sin le linn do Bhairbre a bheith ag múinteoireacht agus duaiseanna bainte amach aici ag Féile Drámaíochta na Gaillimhe. Pé scéal é, shocraigh muid go léireodh muid "An t-Earrach" le TC Murray.


Bhí an chéad léiriú i gCarna. Bhí Aisteoirí Loch Con Aortha ar an bhfód.

Bhí dhá chomplacht ann, an aois agus an óige. Ba ghearr le amharclann dá gcuid féin a bhí acu i dteaghlach Pheait Mhóir an uair sin, Bhí siad ag tógáil lán tí clainne ach níor stop sin iad. Fuair siad oiliúint i ngach gné den ealaín ón duine ab óige go dtí an duine ba shine.

Rinne Bairbre sraith de dhrámaí an Phiarsaigh leis na gasúir ag tosnú leis "Na Bóithre" agus cailín cumasach, Máire Ní Shúilleabháin, sa bpríomhpháirt. Bhuaigh siad corn na Scoileanna Náisiúnta ag Féile Drámaíochta na Scol i nGaillimh. Fuair siad ainmniúchan go dtí an fhéile náisiúnta i mBleá Cliath san áit ar bhain siad amach Craobh na hÉireann.

Deirtear gur deacair drámaí an Phiarsaigh a léiriú i gceart ach rinne siad go paiteanta é. Lean "Eoinín na nÉan" agus "An Gadaí" an léiriúchán sin. Mol an óige agus tiocfaidh sí. Mar a dúirt mé, ba geall le amharclann beag dá gcuid féin a bhí acu.

Idir an dá linn, bhí na daoine fásta ag déanamh a gcuid féin. Is deacair a chreidiúint go bhféadfadh teach beag bídeach tuaithe faoi scáth Chnoc Mordáin cáil agus clú idirnáisiúnta a bhaint amach dóibh féin.



**Tom Sailí Ó Flaithearta**

**"An Fear Siúil"**

Ba é "An Fear Siúil", aistriúchán ar "The Travelling Man" an chéad dráma aonmhír a rinne siad. Thosaigh siad i nGaillimh, ansin go Caisleán an Bharraigh, Tobar an Choire, Béal Átha Seanaigh, síos trasna na tíre go hAonach Urmhumhain, as sin go Port Láirge, turais a thugaidís go bliantúil lena gcuid drámaí. Ní hé amháin gur bhuaigh siad ag gach féile ach

fuireadar ainmniúchán go dtí comórtas Náisiúnta na Drámaíochta Béarla in Áth Luain, an chéad dráma Gaeilge a fuair ainmniúchán dá leithéid.

Fuair an dráma céanna ainmniúchán freisin go Féile Drámaíochta na hÉireann in Amharclann an Gheata ó Mhíchéal Ó hAonghusa as Amharclann na Mainistreach. Chuaigh a gcáil rompu mar bhí cuid mhaith d'aisteoirí na Mainistreach i láthair ag an léiriúchán sin. Mícheál Ó hAodha, Stiúrthóir Amharclann na

Mainistreach, a bhí ag moltóireacht. "Seod" a thug sé ar an dráma. 100% nó lánmharc a thug sé don dráma de réir na bpáipéar lá arna mháireach. Tugadh an chéad leathanach dóibh ar na páipéir laethúla agus bhuaigh an dráma sin an "Smithwicks Trophy" don léiriú ab fhearr, éacht a rinne siad ar feadh chúig bhliana ina dhiadh sin.

Dála an scéil, ba é an chéad dráma Gaeilge é a craoladh ar theilifís RTE. Déanadh an scannánaíocht air i sléibhte Átha Cliath agus i gCeannáras Teilifís Éireann agus ina dhiaidh sin tugadh cuireadh d'Aisteoirí Loch Con Aorta drámaí eile dá gcuid a léiriú ar an teilifís.

Bhí sé costasach go leor drámaí a léiriú an uair sin. B'shin ceann de na fáthanna ar chloígh Aisteoirí Loch Con Aortha leis an ngearrdhráma.

Bhí an complacht in ann taisteal i gcarr amháin go hiondúil. Rinne Mícheal Ó hAodha ó Raidió Éireann taifeadadh ar "An t-Earrach", "Uaigneas an Ghleanna" agus "Beirt na Bodhaire Bréige" ach , faraíor, tá na taifeadtaí sin millte anois, cé gur chraol Seosamh Ó Cuaig "An tEarrach" ar Raidió na Gaeltachta cúpla bliain ó shin péibrí cá bhfuair sé é.

Ar na drámaí comórtais a lean "An Fear Siúil" bhí "An t-Earrach" le TC Murray, "Caitlín Ní Uallacháin", "Chun na Farraige Síos" agus "Geataí an Phríosúin".


**"Sive" agus drámaí eile**

Chuaigh clú agus cáil Aisteoirí Loch Con Aortha i bhfad agus i ngearr agus léiríodh na drámaí ar teilifís RTE. Thagadh cuairteoirí go rialta go bhfeicfidís cén sórt áit a bhí i Loch Con Aortha. Seo iad na príomhaisteoirí a bhí páirteach in Aisteoirí Loch Con Aortha: Peait agus Bairbre Mhic Dhonncha, Mairéad Ní Bhriain, Tom Sailí Ó Flaithearta, Frankie agus Tanty Mac Donncha. Thug John B. Keane cead speisialta dóibh "Sive" a aistriú go Gaeilge agus chuir sé cóip den dráma amháin a scríobh sé as Gaeilge chucu, sé sin "Faoiseamh".

I 1965 nasc siad le Aisteoirí Charna agus rinne siad drámaí faoin ainm Aisteoirí Loch Con Aortha. Léirigh siad "An Buachaill Tuaithe". Páirteach ann bhí Peait Mac Donncha, Bairbre Mhic Dhonncha, Mairéad Ní Bhriain, Nóra Ní Chlochartaigh. Mícheál Ó Móráin agus Macdara Ó Loideáin.

"Geata an Phríosúin" an dráma deireanach a léirigh Aisteoirí Loch Con Aortha agus tugadh cuireadh speisialta dóibh an dráma sin a léiriú in Amharclann Náisiúnta na hÉireann. Peait a léirigh é agus páirteach ann bhí Bairbre agus Frankie.


Ní raibh Aisteoirí Loch Con Aortha ar an bhfód ach seacht nó ocht de bhlianta ach d'fhág siad rian a láimhe ar ghluaiseacht drámaíochta na Gaeilge.


Gach rath ar phobal Iorras Aithneach
ANIAR
Ár scéalta, Ár gcultúr
AG TEACHT GO
LUATH AR TG4
Bádóirí
ag tosnú 10/01/19
Bailte
ag tosnú 09/01/19
Tradfest
ag tosnú 25/11/18
Gaeil UK
ag tosnú 15/11/18
Club CLG
ag tosnú 07/02/19
Fáilte 2019 beo as Gaoth Dobhair
31/12/18
Cúl Stáitse
ag tosnú 07/12/18
'Sé mo Laoch
Samhain 2018
LÉIRITHEOIRÍ TEILIFÍSE AGUS SCANNÁN
CORCA DHUIBHNE | CONAMARA | GAOTH DOBHAIR

PORTLAND DAILY ADVERTISER, MONDAY EVENING, MARCH 22, 190

# NG WORLD

- Bowling - Pugilism



BARTLEY CONNOLLY
Local Boy Who Meets Andrew Jepson in London Tonight.

## BARTLEY CONNOLLY MEETS JEPTHA

Bartley Connolly, the Portland boy, will make his first appearance before the members of the National Sporting club of London tonight when he meets Andrew Jepson of South Africa.

This is one of the most important battles in Bartley's career and if he wins he will be given a bout with Jack Palmer after which he will meet Willie Lewis in Paris. Bartley is certainly stepping some and the local fans will await the returns of tonight's battle with great interest.

He is showing great class in England and it was certainly a big feather in his cap when he secured a bout before the National club which is one of the largest organizations of its kind in the world.

## Bartley Connolly

Rugadh agus tógadh Bartley Connolly i Portland i Stáit Maine i Meiriceá. Bhí cuimse daoine as Conamara ansin san aimsir a caitheadh. Ba as pobal Charna a athair agus mháthair – Pádraic Ó Conghaile as an Más agus Bríd Sheáin Bhreathnaigh as Roisín na Mainíoch. Ba deartháir é Pádraic Ó Conghaile le Joe Conghaile as an Más – athair Paddy agus Ríona.

Bhí Bartley Connolly ina dhornálaí cumasach. Bhí sé ina sheaimpín ar Stát Maine i dtrí mheáchan – éadrom, marc mheáchan agus meán mheáchan. Thug sé an-troid do leithéid Jersey Joe Walcott, seaimpín an domhain sna blianta sin. Baineann an píosa seo le troideanna a bhí ag Bartley Connolly i Sasana i 1909.




**Cumann Iascaigh Chill Chiaráin agus Charna ag an Dinnár Bliantúil in Óstán na Ceathrún Rua.**

Líne chúl, ó chlé: Dermot Leavy, Caoimhín Ó Maicín, Michael Geraghty, Pádraig Ó Cosgordha, Michéal Ó Moráin, Brian Mac Suibhne, Michéal Ó Conaire agus Pádraig Seóighe.
Suite, ó chlé: Tomás Ó Máille, An tAthair Ó Moráin agus Tomás Mac Donncha.

# Na Staisiúin i bhFínis
## - 60 bliain ó shin

*- Jeaicí Mac Donncha*

Ní raibh mé ach deich nó a haon déag de bhlianta d'aois nuair a d'imigh mé thar sáile. In éineacht liom sa gcurach an lá sin bhí an t-Athair Éamon Ó Donnchadha, Sagart Pobail Charna, agus an t-Athair Mícheál Tóibín séiplíneach Chill Chiaráin.

Ní achar fada farraige é ó Roisín na Mainiach go Fínis, ach bhí mé óg, bhí cor beag i bhfarraige, agus cheap mé go raibh an iomarca meáchain sa mbád beag.

Ach bhí lánmhuinín agam as Michael Connolly, a bhí ag iomramh.

Fear mór breá a bhí sa Sagart Pobail, agus ní raibh sagart Chill Chiaráin beag ach an oiread.

D'aithnigh mé ar Mhichael Connolly as Roisín na Mainiach nach raibh imní ar bith air fhéin, ach bhí fhios a'm go raibh sé in ann snámh. Cheap mé, mar gur sagairt a bhí sa mbeirt eile, nach mbeadh imní ar bith orthu ar aon bhealach, nó níor bhreathnaigh sé domsa go raibh.

D'éirigh mo chroí agus d'ardaigh mo mhisneach, nuair a chaith Micheal Connolly téad isteach ar an gcéibh i bhFínis, agus rug Cóilín Sheáinín Mháirtín uirthi den chéad iarracht.

I dteach Chóilín a bhí na stáisiúin le bheith, agus nuair a bhí an téad ceangailte aige, thóg sé bosca an tsagairt agus lean muid suas chun a thí é.

Bhí muid sábháilte ar thalamh tirim, ach cheana fhéin bhí mé ag cuimhniú go gcaithfeadh muid an turas céanna a dhéanamh ar ais aríst. Bhí fhios agam freisin, de bharr a raibh cloiste agam faoi fhlaithiúlacht mhuintir Fhínse, go mbeadh beagán eile meáchain sa mbád ar an turas ar ais.

Tháinig muid chomh fada le tí Chóilín Sheáinín Mháirtín. Bhí an doras ar oscailt agus an teach maisithe go hálainn taobh istigh agus taobh amuigh. Gaineamh gléigeal Fhínse thart ar an tsráid. Cóilín agus a chomhluadar ag cur fáilte romhainn chun a thí. Na comharsanaí uilig cruinnithe sa gcistineach agus chuile dhuine acu ag craitheadh lámh linn ag cur céad míle fáilte romhainn chuig an oileán aerach.

Gach fear ag baint a chaipín dá cheann ag fáiltiú go humhal agus go hurramach roimh na sagairt. Na mná go cúthal agus go ciúin.

**"Dominus Vobiscum"**

Ní raibh cónaí ach i chúig theach ar an oileán anois, ach bhí tráth den tsaol a raibh timpeall deich gcinn fhichead de thithe agus thart ar chéad go leith duine ann!

Thosaigh na sagairt ag éisteacht faoistine, agus ansin shocraíodar an t-éadach altóra ar bhord gar don tine.

I Laidin a bhí an t-aifreann go hiomlán, cés móite den tseanmóir.

Monabhar na ndaoine le cloisteáil anois is aríst, iad ag paidreoireacht go díograiseach. Ag caint le Dia ina dteanga fhéin.

"Dominus Vobiscum" ón sagart.

"Et cum spiriru tuo" uaimse dá fhreagairt, agus mé ag rá m'intinn fhéin, meastú an bhfuil Gaeilge ag Dia?

An dtuigeann Sé an dá theanga, agus iad ag teacht ó chaon taobh air, ag an am céanna?

Clocha caite páidríní ag sleamhnú trí lámha, a bhí chomh caite céanna, ag caraíocht leis an saol.

Súil síos anois is aríst ar an slabhra, féachaint cén dul chun cinn a bhí dá dhéanamh ar na deichniúir.

Ag bualadh an chloigín ag an ofráil, d'airíos aisteach istigh ansin i lár an tslua bhig seo, mar bheadh muid linn fhéin sa domhan, gan duine ná deoraí in aon áit eile. Mar bheadh muid dealaithe ón saol: agus bhí.

Altóir bheag shealadach ar leic an teallaigh agus daonra uile an oileáin cruinnithe thart uirthi.

